Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►**B**

RIALACHÁN (AE) 2020/123 ÓN GCOMHAIRLE

an 27 Eanáir 2020

lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

(IO L 25, 30.1.2020, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►**M1**	Rialachán (AE) 2020/455ón gComhairle an 26 Márta 2020	L 97	1	30.3.2020
►**M2**	Rialachán (AE) 2020/900ón gComhairle an 25 Meitheamh 2020	L 207	4	30.6.2020

▼B

RIALACHÁN (AE) 2020/123 ÓN GCOMHAIRLE

an 27 Eanáir 2020

lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, socraítear na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil in uiscí an Aontais agus do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc.

2. Áirítear leis na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1:

(a) na teorainneacha gabhála le haghaidh na bliana 2020 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh na bliana 2021;

(b) na teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh na bliana 2020, cé is moite de na teorainneacha iarrachta iascaireachta in Iarscríbhinn IIA, a mbeidh feidhm acu ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 31 Eanáir 2021;

(c) na deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 30 Samhain 2020 le haghaidh stoic áirithe i Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR;

(d) na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe i Limistéar Choinbhinsiún IATTC a leagtar amach in Airteagal 30 le haghaidh na dtréimhsí in 2019 agus 2020 a shonraítear san Airteagal sin.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soithí seo a leanas:

(a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais;

(b) soithí tríú tír in uiscí an Aontais.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le hiascaigh áineasa i gcás ina dtagraítear go sainráite do na hiascaigh sin sna forálacha ábhartha.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ina dteannta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘soitheach tríú tír’ soitheach iascaireachta a bhfuil bratach tríú tír ar foluain aici, agus atá cláraithe i dtríú tír;

▼B

(b) ciallaíonn ‘iascaigh áineasa’ gníomhaíochtaí iascaireachta neamh-thráchtála, lena saothraítear acmhainní bitheolaíocha na mara, amhail áineas, turasóireacht nó spórt;

(c) ciallaíonn ‘uiscí idirnáisiúnta’ uiscí atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon Stáit;

(d) ciallaíonn ‘gabháil iomlán incheadaithe’ (TAC):

(i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadfar a thabhairt i dtír as gach stoc gach bliain;

(ii) i ngach iascach eile, an chainníocht éisc a fhéadfar a ghabháil as gach stoc gach bliain;

(e) ciallaíonn ‘cuóta’ an cion den TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;

(f) ciallaíonn ‘measúnuithe anailíseacha’ meastóireachtaí cainníochtúla ar threochtaí i stoc ar leith, bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, ar léirigh athbhreithniú eolaíoch na sonraí sin a bheith de cháilíocht leordhóthanach chun comhairle eolaíoch a sholáthar i ndáil le roghanna maidir le gabhálacha amach anseo;

(g) ciallaíonn ‘mogallmhéid’ mogallmhéid líonta iascaireachta mar a shainmhínítear i bpointe (34) d'Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(h) ciallaíonn ‘clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais’ an clár arna bhunú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(i) ciallaíonn ‘logleabhar iascaireachta’ an logleabhar dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

▼M2

(j) ciallaíonn ‘baoi gléasta’ baoi atá marcáilte go soiléir le huimhir thagartha uathúil lenar féidir a úinéir a shainaithint agus atá feistithe le córas rianaithe satailíte chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh;

(k) ciallaíonn ‘baoi oibríochtúil’ aon bhaoi gléasta, a rinneadh a ghníomhachtú, a chasadh air agus a imlonnú roimhe ar muir ar FAD nó loga le sruth, a tharchuireann suíomhanna agus aon fhaisnéis eile atá ar fáil amhail meastacháin sondálaí fuaime.

▼B

Airteagal 4

Limistéir iascaireachta

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe limistéir seo a leanas:

([1]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascach a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009, (CE) ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch 105).

▼B

(a) is éard is limistéir ICES (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara) ann na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(b) ciallaíonn 'Skagerrak' an limistéar geografach a theorannaítear thiar le líne a théann ó theach solais Hanstholm go dtí teach solais Lindesnes agus ó dheas le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne;

(c) ciallaíonn 'Kattegat' an limistéar geografach a theorannaítear ó thuaidh le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne agus ó dheas le líne a théann ó Hasenøre go dtí Gnibens Spids, ó Korshage go dtí Spodsbjerg, agus ó Gilbjerg Hoved go dtí Kullen;

(d) ciallaíonn 'Aonad Feidhmiúil 16 d'fholimistéar 7 ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 53°30′ T 15°00′ I,

— 53°30′ T 11°00′ I,

— 51°30′ T 11°00′ I,

— 51°30′ T 13°00′ I,

— 51°00′ T 13°00′ I,

— 51°00′ T 15°00′ I;

(e) ciallaíonn 'Aonad Feidhmiúil 25 de roinn 8c ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 43°00′ T 9°00′ I,

— 43°00' T 10°00' I,

— 43°30′ T 10°00′ I,

— 43°30′ T 9°00′ I,

— 44°00' T 9°00' I,

— 44°00' T 8°00' I,

— 43°30′ T 8°00′ I;

(f) ciallaíonn 'Aonad Feidhmiúil 26 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 43°00′ T 8°00′ I,

— 43°00′ T 10°00′ I,

— 42°00′ T 10°00′ I,

— 42°00′ T 8°00′ I;

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach thoir thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70).

▼B

(g) ciallaíonn ‘Aonad Feidhmiúil 27 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 42°00′ T 8°00′ I,

— 42°00′ T 10°00′ I,

— 38°30′ T 10°00′ I,

— 38°30′ T 9°00′ I,

— 40°00′ T 9°00′ I,

— 40°00′ T 8°00′ I;

(h) ciallaíonn ‘Aonad Feidhmiúil 30 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach faoi dhlínse na Spáinne i Murascaill Cádiz agus sna huiscí máguaird in 9a;

(i) ciallaíonn ‘Aonad Feidhmiúil 31 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

— 43°30′ T 6°00′ I,

— 44°00' T 6°00' I,

— 44°00' T2°00' I,

— 43°30′ T 2°00′ I;

(j) ciallaíonn ‘Murascaill Cádiz’ an limistéar geografach de roinn 9a ICES lastoir de dhomhanfhad 7°23′ 48″ I;

(k) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR’ an limistéar geografach a shainmhínítear i bpointe (a) d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle ([3]);

(l) is iad limistéir CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir) na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

(m) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún IATTC’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú ([5]);

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leagtar síos bearta rialaithe áirithe is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar a thagann faoi réim an Choinbhinsiúin maidir le beo-acmhainní muirí Antartacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 3943/90, (CE) Uimh. 66/98 agus (CE) Uimh. 1721/1999 (IO L 97, 1.4.2004, lch. 16).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 1).

([5]) Arna thabhairt i gcrích le Cinneadh 2006/539/CE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú (IO L 224, 16.8.2006, lch. 22).

▼B

(n) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún ICCAT’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ([6]);

(o) is é ‘Réimse Inniúlachta IOTC’ an limistéar geografach a shainítear sa Chomhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh ([7]);

(p) is iad limistéir NAFO na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]);

(q) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún SEAFO’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas ([9]);

(r) is é ‘Limistéar Chomhaontú SIOFA’ an limistéar geografach a shainítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas ([10]);

(s) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh na mórmhara san Aigéan Ciúin Theas ([11]);

(t) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún WCPFC’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú ([12]);

(u) is í ‘mórmhuir Mhuir Bheiring’ limistéar geografach mhórmhuir Mhuir Bheiring thar 200 muirmhíle ó na bonnlínte óna dtomhaistear leithead fharraige theorann Stáit chósta Mhuir Bheiring;

([6]) D'aontaigh an tAontas, le Cinneadh 86/238/CCE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

([7]) D'aontaigh an tAontas, le Cinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh (OJ L 236, 5.10.1995, lch. 24).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (IO L 87, 31.3.2009, lch. 42).

([9]) Arna thabhairt i gcrích le Cinneadh 2002/738/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (IO L 234, 31.8.2002, lch. 39).

([10]) D'aontaigh an tAontas, le Cinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27).

([11]) D'aontaigh an tAontas, le Cinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar cheann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistíocht Acmhainní Iascaigh Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1).

([12]) D'aontaigh an tAontas, le Cinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1).

▼B

(v) is é an ‘limistéar forluí idir IATTC agus WCPFC’ an limistéar geografach a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

— domhanfhad 150° I,

— domhanfhad 130° I,

— domhanleithead 4° D,

— domhanleithead 50° D.

TEIDEAL II

NA DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 5

TACanna agus cionrannta

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I na TACanna le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí an Aontais nó in uiscí áirithe nach den Aontas iad agus cionroinnt na TACanna sin i measc na mBallstát, agus na coinníollacha atá nasctha ó thaobh feidhme leis sin i gcás inarb iomchuí.

2. Beidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh, laistigh de na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, in uiscí laistigh de dhlínse iascach Oileáin Fharó, na Graonlainne agus na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta mórthimpeall Jan Mayen, faoi réir an choinníll a leagtar amach in Airteagal 16 den Rialachán seo, agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) agus ina fhorálacha cur chun feidhme.

Airteagal 6

TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit

1. Cinnfidh an Ballstát lena mbaineann na TACanna i gcás stoic éisc áirithe. Sainaithnítear na stoic sin in Iarscríbhinn I.

2. Maidir leis na TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit:

(a) beidh siad comhchuí le prionsabail agus rialacha CBI, go háirithe prionsabal shaothrú inbhuanaithe an stoic; agus

([13]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

▼B

(b) beidh de thoradh orthu:

(i) má bhíonn measúnú anailíseach ar fáil, beidh saothrú an stoic comhchuí leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ó 2020 amach, agus an dóchúlacht is airde is féidir ann gurb amhlaidh a bheidh; nó

(ii) mura mbeidh measúnú anailíseach ar fáil nó má bhíonn sé neamhiomlán, beidh saothrú an stoic comhchuí leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascach.

3. Faoin 15 Márta 2020, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) na TACanna arna nglacadh;

(b) na sonraí arna mbailiú agus arna measúnú ag an mBallstát lena mbaineann ar a bhfuil na TACanna arna nglacadh bunaithe;

(c) sonraí maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann na TACanna a glacadh mír 2.

Airteagal 7

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

1. Gabhálacha nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a bhunaítear faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní choinneofar ar bord iad ná ní thabharfar i dtír iad ach amháin:

(a) má ghabh soithí iad a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain orthu, a bhfuil cuóta acu agus nach bhfuil an cuóta sin ídithe; nó

(b) más cion de chuóta de chuid an Aontais iad nár cionroinneadh de réir cuóta i measc na mBallstát, agus nár ídíodh an cuóta sin de chuid an Aontais.

2. Sainaithnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun críocha an mhaolaithe ón oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

Airteagal 8

Sásra um malartuithe cuótaí le haghaidh TACanna le haghaidh foghabhálacha dosheachanta maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír

1. D'fhonn tabhairt isteach na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh agus d'fhonn cuótaí le haghaidh foghabhálacha áirithe a chur ar fáil do Bhallstáit nach bhfuil cuóta acu, beidh feidhm ag an sásra um malartuithe cuótaí mar a leagtar amach i míreanna 2-5 den Airteagal seo maidir leis na TACanna a shainaithnítear in Iarscríbhinn IA.

▼B

2. Cuirfear 6 % de gach cuóta ó na TACanna le haghaidh troisc sa Mhuir Cheilteach, troisc in Iarthar na hAlban, faoitíní i Muir Éireann agus leathóga i ranna 7h, 7j agus 7k ICES, agus 3 % de gach cuóta ón TAC le haghaidh fhaoitíní Iarthar na hAlban, arna chionroinnt ar gach Ballstát, ar fáil do linn le haghaidh malartuithe cuótaí, a bheidh oscailte ón 1 Eanáir 2020. Beidh rochtain eisiach ag na Ballstáit gan chuóta ar an linn cuótaí go dtí an 31 Márta 2020.

3. Ní fhéadfar na cainníochtaí arna dtarraingt ón linn a mhalartú ná a aistriú chuig an mbliain dár gcionn. Tabharfar aon chainníochtaí nár úsáideadh ar ais, tar éis an 31 Márta 2020, do na Ballstáit sin a rannchuidigh leis an linn i dtosach.

4. Maidir leis na cuótaí a thabharfar ar ais, is fearr iad a thógáil ó liosta TACanna arna sainaithint ag gach Ballstát a rannchuidíonn leis an linn mar a liostaítear iad san Aguisín a ghabhann le hIarscríbhinn IA.

5. Beidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí sin, rud a thomhaisfear trí úsáid a bhaint as ráta malairte margaidh nó rátaí malairte eile atá inghlactha go frithpháirteach. In éagmais malairt roghanna, úsáidfear an luach eacnamaíoch coibhéiseach i gcomhréir leis na meánphraghsanna san Aontas an bhliain roimhe sin, arna soláthar ag Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe.

6. I gcásanna nach gceadaítear leis an sásra um malartuithe cuótaí a leagtar amach i míreanna 2-5 thuas do na Ballstáit a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach go feadh méid comhchosúil, déanfaidh na Ballstáit iarracht teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus é á áirithiú acu go mbeidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí a mhalartaítear.

Airteagal 9

Teorainneacha ar iarrachtaí iascaireachta i roinn 7e ICES

1. Maidir leis na tréimhsí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2), leagtar amach in Iarscríbhinn IIA gnéithe teicniúla na gceart agus na n-oibleagáidí a bhaineann le hIarscríbhinn IIA le haghaidh stoc na sól a bhainistiú i roinn 7e ICES.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, líon breise laethanta ar muir a chionroinnt ar Bhallstát iarrthach, de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn IIA, a bhféadfaidh soitheach a bheith údaraithe ag a Ballstát brataí a bheith laistigh de roinn 7e ICES agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici, ar bhonn iarraidh den sórt sin ón mBallstát sin, i gcomhréir le pointe 7.4 d'Iarscríbhinn IIA. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 50(2) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin.

▼B

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, trí lá ar a mhéad idir an 1 Feabhra 2020 agus an 31 Eanáir 2021 de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn IIA a chionroinnt ar Bhallstát iarrthach, a bhféadfaidh soitheach a bheith laistigh de roinn 7e ICES ar bhonn clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch dá dtagraítear i bpointe 8.1 d'Iarscríbhinn IIA. Déanfar an chionroinnt sin ar bhonn na tuairisce a chuir an Ballstát isteach i gcomhréir le pointe 8.3 d'Iarscríbhinn IIA agus tar éis dul i gcomhairle le STECF. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 50(2) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin.

Airteagal 10

Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach

1. Toirmiscfear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais, agus ar aon iascaigh thráchtála ón gcladach, doingin mhara Eorpacha a iascach i ranna 4b agus 4c ICES, agus i bhfolimistéar 7 ICES. Toirmiscfear na doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír.

2. De mhaolú ar mhír 1, in Eanáir 2020 agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2020, féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES agus in uiscí laistigh de 12 mhuirmhíle ó na bonnlínte atá faoi cheannasacht na Ríochta Aontaithe i ranna 7a agus 7g ICES doingin mhara Eorpacha, a ghabhfar sa limistéar sin leis trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas, a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:

(a) ag úsáid tráil ghrinnill ([14]), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 520 cileagram in aghaidh dhá mhí agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach sin in aghaidh an turais iascaireachta;

(b) ag úsáid saighní ([15]), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 520 cileagram in aghaidh dhá mhí agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach sin in aghaidh an turais iascaireachta;

(c) ag úsáid duán agus doruithe ([16]), nach mó ná 5,7 tonna an soitheach in aghaidh na bliana;

(d) ag úsáid líonta geolbhaigh seasta ([17]), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 1,4 tonna an soitheach in aghaidh na bliana.

([14]) Gach cineál tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).
([15]) Gach cineál saighne (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).
([16]) Gach iascach spiléir nó gach iascach cleithe agus dorú nó gach iascach slaite agus dorú (LHP, LHM, LLD, LL, LTL, LX agus LLS)
([17]) Gach líon geolbhaigh seasta agus gach gaiste (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).

▼B

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha taifeadta doingean mara Eorpach i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016: i bpointe (c) le gabhálacha taifeadta ag úsáid duán agus doruithe, agus i bpointe (d) le gabhálacha taifeadta ag úsáid líonta geolbhaigh seasta. I gcás ina ndéanfar soitheach eile a chur in ionad soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go mbeidh feidhm ag an maolú maidir le soitheach iascaireachta eile ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir an mhaolaithe agus nach dtiocfaidh méadú ar a n-acmhainneacht fhoriomlán iascaireachta.

3. Ní bheidh na teorainneacha gabhála a leagtar amach i mír 2 inaistrithe idir soithí ná, i gcás ina mbeidh feidhm ag teorainn mhíosúil, ó mhí amháin go dtí mí eile. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhaineann úsáid as níos mó ná trealamh amháin in aon mhí féilire amháin, beidh feidhm ag an teorainn ghabhála is ísle a leagtar amach i mír 2 le haghaidh aon trealamh.

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le gach gabháil den doingean mara Eorpach de réir cineál trealaimh tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dheireadh gach míosa.

4. Áiritheoidh an Fhrainc agus an Spáinn nach rachaidh an bhásmhaireacht stoic doingean mara i ranna 8a agus 8b ICES ó iascaigh thráchtála agus áineasa os cionn luachphointe F_{MSY} a bhfuil 2 533 tona de ghabhálacha iomlána mar thoradh air, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/472.

5. I gcás iascaigh áineasa, lena n-áirítear ón gcladach, i ranna 4b, 4c, 6c, 7a go dtí 7k ICES:

(a) ón 1 Eanáir go dtí an 29 Feabhra agus ón 1 go dtí an 31 Nollaig 2020, ní cheadófar ach iascaireacht gabh agus scaoil le slat nó le dorú láimhe ar an doingean mara Eorpach. Le linn na dtréimhsí sin, toirmiscfear na doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír;

(b) ón 1 Márta go dtí an 30 Samhain 2020, ní fhéadfar níos mó ná dhá eiseamal den doingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae.

Ní bheidh feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír maidir le líonta seasmhacha, nach féidir a úsáid chun doingean mara Eorpach a ghabháil nó a choinneáil le linn na tréimhse dá dtagraítear sa phointe sin. Is é 42 cm an t-íosmhéid do dhoingean mara Eorpach a choinneofar.

▼M1

6. In iascaigh áineasa, lena n-áirítear ón gcladach, i ranna 8a agus 8b ICES, féadfar uasmhéid de dhá eiseamal den doingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae. Is é 42 cm an t-íosmhéid do dhoingean mara Eorpach a choinneofar. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le líonta seasmhacha nach féidir doingean mara Eorpach a ghabháil nó a choinneáil.

▼B

7. Beidh míreanna 5 agus 6 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir le hiascaigh áineasa.

Airteagal 11

Bearta maidir le hiascaigh eascann Eorpach in uiscí an Aontais de limistéar ICES

Toirmiscfear aon iascach spriocdhírithe, teagmhasach nó áineasa ar an eascann Eorpach in uiscí an Aontais de limistéar ICES agus in uiscí goirte amhail inbhir, murlaigh cois cósta agus uiscí trasdultacha ar feadh tréimhse trí mhí as a chéile, arna chinneadh ag gach Ballstát, idir an 1 Lúnasa 2020 agus an 28 Feabhra 2021. Cuirfidh na Ballstáit an tréimhse a chinnfear in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2020.

Airteagal 12

Forálacha speisialta maidir le cionrannta deiseanna iascaireachta

1. Beidh cionroinnt deiseanna iascaireachta i measc na mBallstát mar a leagtar amach iad sa Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) malartuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) asbhaintí agus ath-chionrannta arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) ath-chionrannta arna ndéanamh de bhun Airteagail 12 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403;

(d) gabhálacha breise arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(e) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(f) asbhaintí arna ndéanamh de bhun Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(g) aistrithe agus malartuithe cuóta de bhun Airteagal 17 den Rialachán seo.

2. Déantar na stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim nó anailíseacha a shainaithint in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo chun críoch bhainistiú bliantúil na TACanna agus na gcuótaí dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96.

3. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TAC réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus ag Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.

▼B

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

▼M2

Airteagal 12a

Séasúir coiscthe iascaireachta le haghaidh spéirlintí

Toirmeascfar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar spéirlintí le trál grinnill, líon saighne ná trealamh tarraingthe comhchosúla ag a bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2020 agus ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2021.

▼B

Airteagal 13

Bearta ceartaitheacha do throsc agus faoitín sa Mhuir Cheilteach

1. Beidh feidhm ag na bearta seo a leanas maidir le soithí de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus le saighní i ranna ICES ó 7f, 7 g, an chuid de 7h lastuaidh de dhomhanleithead 49° 30′ T agus an chuid de 7j lastuaidh de dhomhanleithead 49° 30′ T agus lastoir de dhomhanfhad 11°I:

(a) Toirmiscfear ar shoithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill agus ar cadóg 20 % ar a laghad dá ngabhálacha iascaireacht a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 murab é go n-úsáidfidh siad ceann amháin de na roghanna trealaimh seo a leanas:

— soc-fhoirceann 110 mm agus painéal de mhogall cearnógach 120 mm,

— soc-fhoirceann 100 mm T90,

— soc-fhoirceann 120mm,

▼M2

— 100 mm agus painéal de mhogall cearnógach 160 mm;

▼B

(b) Ón 1 Meitheamh 2020, i dteannta na mbeart a luaitear i bpointe (a), úsáidfidh soithí an Aontais: (i) trealamh iascaireachta a tógadh agus spás íosta aon méadar amháin idir an líne iascaireachta agus an trealamh talún, nó (ii) aon mhodh atá cruthaithe a bheith ar a laghad chomh roghnaitheach céanna chun trosc a sheachaint, de réir mheasúnú ICES nó STECF;

(c) Toirmiscfear ar shoithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht le saighní grinnill agus ar cadóg 20 % ar a laghad dá ngabhálacha iascaireacht a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 mura n-úsáidfidh siad ceann amháin de na roghanna trealaimh seo a leanas:

— soc-fhoirceann 110 mm agus painéal de mhogall cearnógach 120 mm,

— soc-fhoirceann 100 mm T90,

— soc-fhoirceann 120 mm.

▼B

2. Cé is moite de shoithí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 9(2) de Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2018/2034 ([18]), toirmiscfear ar shoithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill agus le saighní i ranna ICES ó 7f go 7k agus sa limistéar laistiar de dhomhanfhad 5° I i roinn 7e ICES, nó ar shoithí de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht tráil ghrinnill sa limistéar de mhír 1 ar lú ná 20 % cadóg a ngabhálacha, mura n-úsáideann siad mogallmhéid íosta soc-fhoircinn 100 mm ar a laghad. Níl feidhm ag an íoscheanglas maidir le mogallmhéid soc-fhoircinn sin i gcás soithí nach mó ná 1,5 % a bhfoghabhálacha trosc, mar a mheas CETEI iad.

3. De réir Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, ríomhfar na céatadáin ghabhála mar chion de bheomheáchan na n-acmhainní bitheolaíocha muirí uile a thabharfar i dtír tar éis gach turais iascaireachta.

4. Féadfaidh soithí de chuid an Aontais trealamh ionadúil ardroghnaitheach a úsáid seachas iad siúd a liostaítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1, ar dá airíonna teicniúla gur lú ná 1 % den trosc a ghabhtar léi, de réir staidéar eolaíoch a ndearna STECF meastóireacht air.

Airteagal 14

Bearta ceartaitheacha do throsc sa Mhuir Thuaidh

Leagtar amach in Iarscríbhinn IIC na limistéir atá coiscthe don iascaireacht seachas le hiascaigh peiligeach (peas-saighne agus tráil) agus na tréimhsí a mbeidh feidhm ag na tréimhsí coiscthe lena linn.

Airteagal 15

Bearta ceartaitheacha do throsc in Kattegat

1. Ón 31 Bealtaine 2020, na soithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht le tráil ghrinnill (cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX agus PTB), le méid mogaill nach lú ná 120mm, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealaimh roghnaitheacha seo a leanas:

(a) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;

(b) greille shórtála nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na speicis d'iasc cruinn, agus d'iasc leathógach, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte don iasc leathógach;

(c) painéal Seltra agus méid mogall cearnach 300 mm ann;

(d) trealamh ardroghnaitheach rialáilte, a mbeidh de thoradh air, de réir an staidéir eolaíoch a rinne STECF, go ngabhtar níos lú ná 1,5 % de throsc, i gcás gurb é an t-aon trealamh é a bhíonn ar iompar ag an soitheach.

([18]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/2034 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe in uiscí an Iarthuaiscirt don tréimhse 2019-2021 (IO L 327, 21.12.2018, lch. 8).

▼B

2. Faoin 31 Márta 2020, féadfaidh na Ballstáit soithí de chuid an Aontais a shainaithint a mbeidh, trealamh le haghaidh iascach lándoiciméadaithe suiteáilte acu, faoin 31 Nollaig 2020 ar a dhéanaí, i dtionscadal de chuid Ballstáit lena mbaineann. Féadfaidh na soithí sin de chuid an Aontais trealamh a úsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1241. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann liosta de na soithí sin in iúl don Choimisiún.

Airteagal 16

Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Toirmiscfear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais na speicis seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír:

(a) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí an Aontais de ranna 2a, 3a agus 7d ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES;

(b) an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*) in uiscí an Aontais de roinn 2a ICES agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 14 ICES;

(c) an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí an Aontais de roinn 2a agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéar 1 agus 14 ICES;

(d) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*) in uiscí an Aontais de roinn 2a agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 14 ICES;

(e) an fíogach éansocach (*Deania calcea*) in uiscí an Aontais de roinn 2a agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 14 ICES;

(f) coimpléasc speiceas an sciata choitinn (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8, 9 agus 10 ICES;

(g) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*) in uiscí an Aontais de roinn ICES 2a agus d'fholimistéar ICES 4 agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 14 ICES;

(h) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí an Aontais de roinn 2a agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1, 5, 6, 7, 8, 12 agus 14 ICES;

▼B

(i) an craosaire (*Lamna nasus*) sna huiscí uile;

(j) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais de roinn 3a ICES;

(k) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais d'fholimistéir 6 agus 10 ICES;

(l) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;

(m) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir;

(n) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*) in uiscí an Aontais d'fholimistéir 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9 agus 10 ICES, cé is moite de na cláir sheachanta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IA iad;

▼M2

(o) alfainsín taibhseach (*Beryx splendens*) i bhfolimistéar 6 NAFO.

▼B

2. Nuair a ghabhfar de thaisme na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh. Scaoilfear na heiseamail go pras.

Airteagal 17

Tarchur sonraí

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le tabhairt i dtír na gcainníochtaí stoc arna ngabháil agus a bhaineann le hiarracht iascaireachta, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL II

Údaruithe iascaireachta in uiscí tríú tír

Airteagal 18

Údaruithe iascaireachta

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn III an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht in uiscí tríú tír.

2. I gcás ina n-aistreoidh Ballstát amháin cuóta chuig Ballstát eile ('malartú') sna limistéir iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo ar bhonn Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, áireofar leis an aistriú sin aistriú iomchuí údaruithe iascaireachta agus tabharfar fógra don Choimisiún faoi. Mar sin féin, ní rachfar thar an líon iomlán údaruithe iascaireachta le haghaidh gach limistéir iascaireachta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

▼B

CAIBIDIL III

Deiseanna iascaireachta in uiscí eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

Roinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 19

Aistrithe agus malartuithe cuótaí

1. I gcás ina gceadaítear, faoi rialacha eagraíochta réigiúnaí bainistíochta iascaigh ('ERBI'), aistrithe cuótaí nó malartuithe idir na páirtithe conarthacha chuig an ERBI, féadfaidh Ballstát ('an Ballstát lena mbaineann') plé a dhéanamh le páirtí conarthach san ERBI agus, de réir mar is iomchuí, leagan amach féideartha a bhunú i dtaca le haistriú nó malartú cuótaí atá beartaithe.

2. Ach a dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún, féadfaidh an Coimisiún leagan amach an aistrithe nó an mhalartaithe cuótaí atá beartaithe agus a phléigh an Ballstát leis an bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI a fhormhuiniú. Leis sin, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheith faoi cheangal ag aistriú nó malartú cuótaí den sórt sin leis an bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht an ERBI maidir leis an aistriú nó malartú cuótaí arna chomhaontú i gcomhréir le rialacha na heagraíochta sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó malartú cuótaí arna chomhaontú.

4. Na deiseanna iascaireachta a fhaightear ón bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI nó a aistrítear chuige faoin aistriú nó malartú cuótaí, measfar gur cuótaí iad a chionroinntear ar chionroinnt an Bhallstáit lena mbaineann nó a asbhaintear as an gcionroinnt sin, ón nóiméad a mbeidh feidhm leis an aistriú nó an malartú cuótaí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe ar ar thángthas leis an bpáirtí conarthach san ERBI nó i gcomhréir le rialacha ábhartha an ERBI, de réir mar is iomchuí. Ní dhéanfar aon athrú leis an gcionroinnt sin ar an eochair leithdháilte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

5. Beidh feidhm ag an Airteagal seo go dtí an 31 Eanáir 2021 maidir le haistrithe cuótaí ó pháirtí conarthach in ERBI chuig an Aontas agus a cionroinneadh ina dhiaidh sin ar na Ballstáit.

Roinn 2

Limistéar Choinbhinsiún ICCAT

Airteagal 20

Teorainneacha maidir le hacmhainneacht iascaireachta, feirmeoireachta agus ramhraithe

1. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV leis an líon bád baoite agus bád trálála de chuid an Aontais a údaraítear chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go gníomhach san Atlantach thoir.

▼B

2. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV leis an líon soithí iascaireachta mionscála de chuid an Aontais a údaraítear chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go gníomhach sa Mheánmhuir.

3. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn IV leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinníní gorma i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta agus a údaraítear chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go gníomhach.

4. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn IV leis an líon soithí iascaireachta a údaraítear chun tuinníní gorma a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

5. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn IV leis an líon gaistí a úsáidtear in iascach tuinníní gorma an Atlantaigh Thoir agus na Meánmhara.

6. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn IV leis an acmhainneacht iomlán feirmeoireachta tuinníní gorma, agus leis an uas-ionchur tuinníní gorma fiáine a chionroinntear ar na feirmeacha san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

7. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 7 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údaraítear chun tuinnín colgach an tuaiscirt a iascach mar spriocspeiceas i gcomhréir le hAirteagal 12 Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle ([19]).

8. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 8 d'Iarscríbhinn IV leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 20 méadar ar a laghad ar a bhfad agus a bheidh ag iascach tuinníní mórshúileacha i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

Airteagal 21

Iascaigh áineasa

I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na Ballstáit sciar sonrach óna gcuótaí cionroinnte a chionroinnt le haghaidh iascaigh áineasa, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn ID.

Airteagal 22

Siorcanna

1. Toirmiscfear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*) a ghabhfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

2. Toirmiscfear tabhairt faoi iascach spriocdhírithe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*.

([19]) Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2007 lena leagtar síos bearta teicniúla chun stoic áirithe de speicis mhór-imirceacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 973/2001 (IO L 123, 12.5.2007, lch. 3).

▼B

3. Toirmiscfear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna ceann casúir de phór *Sphyrnidae* (ach amháin *Sphyrna tiburo*) a ghabhfar in iascaigh i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

4. Toirmiscfear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a thógfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

5. Toirmiscfear síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*) a ghabhfar in iascach ar bith a choinneáil ar bord.

Roinn 3

Limistéar Choinbhinsiún CAMLR

Airteagal 23

Fógraí maidir le hiascaigh thaiscéalaíocha

Má tá sé ar intinn ag Ballstát a bheith rannpháirteach in iascaigh spléireachta thaiscéalaíocha ar an déadiasc (*Dissostichus* spp.) i bhfolimistéir 88.1 agus 88.2 agus i rannáin 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a FAO lasmuigh de limistéir faoi dhlínse náisiúnta in 2020, tabharfaidh sé fógra do Rúnaíocht CCAMLR i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 7a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2020.

Airteagal 24

Teorainneacha ar iascaigh thaiscéalaíocha ar an déadiasc

1. Beidh iascaireacht ar an déadiasc le linn thréimhse iascaireachta 2019/2020 teoranta do na Ballstáit, do na folimistéir agus don líon soithí a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V don speiceas, do TACanna agus do na teorainneacha foghabhála a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V.

2. Toirmiscfear iascaireacht dhíreach ar speicis siorcanna chun críoch eile seachas taighde eolaíoch. Scaoilfear saor ina mbeatha aon fhoghabháil siorcanna, go háirithe siorcanna óga agus baineannaigh thorracha, a ghabhfar de thimpiste san iascach dordiasc.

3. I gcás inarb infheidhme, scoirfear den iascaireacht in aon aonad taighde ar mionscála (SSRU) nuair a shroichfidh an ghabháil an TAC sonraithe, agus beidh an SSRU dúnta don iascaireacht don chuid eile den séasúr.

4. Déanfar an iascaireacht ar fud raon geografach agus bataiméadrach atá chomh mór agus is féidir d'fhonn an fhaisnéis is gá a fháil chun an acmhainneacht iascaigh a chinneadh agus chun ró-chomhchruinniú gabhálacha agus iarrachta iascaireachta a sheachaint. Toirmiscfear iascaireacht a dhéanamh, áfach, in áiteanna i bhfolimistéir FAO 88.1 agus 88.2 agus i rannáin 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a, i gcás ina gceadaítear sin i gcomhréir le mír 1, i ndoimhneachtaí is lú ná 550 méadar.

▼B

Airteagal 25

Iascach crille le linn shéasúr iascaireachta 2020/2021

1. Má bhíonn sé ar intinn ag Ballstát crill a iascach (Euphausia superba) i Limistéar Choinbhinsiún CAMLR le linn shéasúr iascaireachta 2020/2021, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2020, go bhfuil sé ar intinn aige crill a iascach, agus úsáid á baint aige as an bhformáid a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún na fógraí faoi bhráid Rúnaíocht CCAMLR tráth nach déanaí ná an 30 Bealtaine 2020.

2. Áireofar leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 lena n-údaróidh an Ballstát gach soitheach chun bheith rannpháirteach san iascach crille.

3. Maidir le Ballstát a bhfuil sé ar intinn aige crill a iascach i Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR, ní thabharfaidh sé fógra faoina bhfuil ar intinn aige ach i leith soithí údaraithe a bhfuil a bhratach ar foluain acu tráth an fhógra nó a bhfuil bratach comhalta eile de CCAMLR ar foluain acu agus a mbeifí ag súil, tráth a dtarlaíonn an t-iascach, go mbeadh bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.

4. I gcás ina gcoiscfear ar shoitheach údaraithe a bheith rannpháirteach in iascach crille de bharr cúiseanna dlisteanacha oibríochtúla nó de bharr *force majeure*, beidh na Ballstáit i dteideal soithí nár tugadh fógra fúthu do Rúnaíocht CCAMLR i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo a údarú chun bheith rannpháirteach san iascach sin. In imthosca den sórt sin, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann Rúnaíocht CCAMLR agus an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach agus soláthróidh siad an méid seo a leanas:

(a) sonraí iomlána an tsoithigh (na soithí) ionaid atá beartaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004;

(b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna atá leis an ionadú agus aon fhianaise thacaíochta nó tagairtí iomchuí.

5. Ní údaróidh Ballstáit do shoitheach atá ar liosta CCAMLR de shoithí neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a bheith rannpháirteach in iascaigh chrille.

Roinn 4

Limistéar Inniúlachta IOTC

Airteagal 26

Acmhainneacht iascaireachta soithí a dhéanann iascaireacht i Limistéar Inniúlachta IOTC a theorannú

1. Is mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.

▼B

2. Is mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar cholgáin (*Xiphias gladius*) agus tuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.

3. Féadfaidh na Ballstáit soithí a sannadh do cheann amháin den dá iascach dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a ath-chionroinnt ar an iascach eile, ar choinníoll gur féidir leo a léiriú don Choimisiún nach dtiocfaidh méadú as an sannadh sin ar an iarracht iascaireachta maidir leis na stoic éisc lena mbaineann.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeartaítear acmhainneacht a aistriú chuig cabhlach an Bhallstáit, go bhfuil na soithí atá le haistriú ar chlár soithí IOTC nó ar chlár soithí de chuid eagraíochtaí réigiúnach bainistithe iascaigh (ERBInna) eile tuinnín. Ina theannta sin, ní fhéadfar aon soitheach a aistriú atá ar liosta aon ERBI de shoithí a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN).

5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a n-acmhainneacht iascaireachta a mhéadú os cionn na n-uasteorainneacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach laistigh de na huasteorainneacha a leagtar amach sna pleananna forbartha a cuireadh faoi bhráid IOTC.

▼M2

Airteagal 27

Sruthfheistí um chomhbhailiú éisc (FADanna) agus soithí tacaíochta

1. Beidh sruthfheistí um chomhbhailiú éisc (FADanna) feistithe le baoithe gléasta. Tá cosc ar aon bhaoi eile, amhail baoithe raidió, a úsáid.

2. Ní leanfaidh soitheach peas-saighne níos mó ná 300 baoi oibríochtúil ag aon tráth amháin.

3. Is é 500 an t-uaslíon baoithe gléasta is féidir a fháil go bliantúil le haghaidh gach soithigh spiléireachta. Ní bheidh níos mó ná 500 baoi gléasta ag aon soitheach spiléireachta (idir bhaoithe atá sa stoc agus bhaoithe oibríochtúla) tráth ar bith.

4. Uaslíon dhá shoitheach soláthair mar thaca le líon nach lú ná cúig shoitheach peas-saighne a bheidh sa líon soithí soláthair, agus bratach Ballstáit ar foluain acu uile. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le Ballstáit nach mbainfidh úsáid ach as an aon soitheach soláthair amháin.

5. Ní bheidh níos mó ná an t-aon soitheach soláthair amháin mar thaca ag soitheach peas-saighne ar a mbeidh bratach Ballstáit ar foluain tráth ar bith.

6. Ní chláróidh an tAontas soithí soláthair nua nó breise i gclár soithí údaraithe IOTC.

▼B

Airteagal 28

Siorcanna

1. Toirmiscfear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála de gach speiceas d'fhine *Alopiidae* a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír in aon iascach.

2. Toirmiscfear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír in aon iascach, ach amháin i gcás soithí atá níos lú ná 24 mhéadar ar a bhfad iomlán agus a bhíonn ag gabháil d'iascaireacht laistigh de limistéar eacnamaíoch eisiach an Bhallstáit sin a bhfuil a bhratach ar foluain acu, agus ar choinníoll gur caitheamh áitiúil amháin atá beartaithe dá ngabháil.

▼B

3. Nuair a ghabhfar de thaisme na speicis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní dhéanfar aon dochar dóibh. Scaoilfear na heiseamail go pras.

▼M1

Airteagal 28a

Roic de chineál Mobulidae

1. Toirmiscfear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán roic de chineál *Mobulidae* (an fhine *Mobulidae*, lena n-áirítear na géinis *Manta* agus *Mobula*) a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol, nó a dhíol, cé is moite de shoithí iascaireachta atá i mbun iascach leorchothaitheach (i gcás inarb iad teaghlaigh na n-iascairí a chaithfidh na héisc go díreach).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní fhéadfaí roic de chineál *Mobulidae* a ghabhfar go neamhintinneach le linn iascaireacht ar mionscála (iascaigh nach iascaigh spiléireachta nó dhromchla iad, i.e. iascaigh le peaslíon saighne, cuaille agus líne, líonta gheolbhaigh, líne láimhe agus soithí trálála, arna gclárú i gclár na soithí údaraithe de chuid IOTC) ach amháin lena gcaitheamh go háitiúil.

2. Déanfaidh gach soitheach iascaireachta, seachas iad siúd atá i mbun iascaireacht leorchothaitheach, roic de chineál Mobula, a scaoileadh go pras, ina mbeatha, agus gan ghortú, a mhéid is féidir, a luaithe a fheicfear sa líon, ar an duán, nó ar an deic iad agus déanfar amhlaidh ar bhealach ina ndéanfar a laghad díobháil is féidir do na roic a ghabhfar.

▼B

Roinn 5

Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO

Airteagal 29

Iascaigh pheiligeach

1. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit sin a d'fheidhmigh gníomhaíochtaí iascach peiligeach go gníomhach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in 2007, 2008 nó 2009 stoic pheiligeach a iascach sa limistéar sin i gcomhréir leis na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IH.

2. Déanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 leibhéal iomlán olltonnáiste na soithí a mbeidh a mbratach ar foluain acu agus a dhéanfaidh iascaireacht ar stoc peiligeach in 2019 a theorannú go dtí leibhéal iomlán olltonnáiste an Aontais sa limistéar sin, eadhon 78 600.

3. Ní fhéadfar na deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IH a úsáid ach ar choinníoll go seolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún liosta de na soithí a dhéanann iascaireacht go gníomhach nó a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, taifid ó na córais faireacháin soithí, tuar-ascálacha míosúla maidir le gabhálacha agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, cuairteanna ar chalafoirt, ar a dhéanaí faoin gcúigiú lá den mhí ina dhiaidh sin, agus é mar aidhm an fhaisnéis sin a chur in iúl do Rúnaíocht SPRFMO.

▼M1

_____

▼B

Airteagal 31

Iascaigh ghrinnill

1. Teorannóidh na Ballstáit a ngabhálacha ó iascaireacht ghrinnill nó a n-iarracht iascaireachta grinnill in 2019 i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO do na codanna sin de Limistéar an Choinbhinsiúin ina ndearnadh iascaireacht ghrinnill ón 1 Eanáir 2002 go dtí an 31 Nollaig 2006 agus do leibhéal nach rachaidh thar mheánleibhéil bhliantúla na ngabhálacha nó meánleibhéil bhliantúla na bparaiméadar iarrachta sa tréimhse sin. Ní fhéadfaidh siad iascaireacht a dhéanamh de bhreis ar an taifead teiste ach i gcás ina bhformhuineoidh SPRFMO a bplean sin a dhéanamh.

2. Maidir le Ballstáit atá gan taifead teiste de ghabhálacha ó iascaireacht ghrinnill nó iarracht iascaireachta grinnill i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in imeacht na tréimhse ón 1 Eanáir 2002 go dtí an 31 Nollaig, ní dhéanfaidh siad aon iascaireacht mura bhformhuineoidh SPRFMO a bplean iascaireacht a dhéanamh gan taifead teiste.

Airteagal 32

Iascaigh thaiscéalaíocha

1. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in iascaigh spléireachta thaiscéalaíocha ar an déadiasc (*Dissostichus* spp.) i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO ach i gcás inar fhormhuinigh SPRFMO a n-iarratas ar na hiascaigh sin lena n-áirítear plean oibríochta iascaigh agus gealltanas plean maidir le bailiú sonraí a chur chun feidhme.

2. Ní dhéanfar iascaireacht ach sna bloic thaighde a shonróidh SPRFMO. Toirmiscfear iascaireacht a dhéanamh i ndoimhneachtaí is lú ná 750 méadar agus is mó ná 2 000 méadar.

3. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IJ a bheidh an TAC. Beidh an iascaireacht teoranta d'aon turas amháin nach faide ná 21 lá as a chéile, agus do líon uasta 5 000 duán in aghaidh an tacair, agus líon uasta 20 tacar in aghaidh an bhloic taighde. Scoirfear den iascaireacht nuair a shroichfear an TAC nó má cuireadh agus má tarlaíodh 100 tacar, cibé acu is túisce.

Roinn 6

Limistéar Choinbhinsiún IATTC

Airteagal 33

Iascaigh pheas-saighne

1. Toirmiscfear ar shoithí peas-saighne tuinníní buí (*Thunnus albacares*), tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) nó tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) a iascach mar a leanas:

(a) ó 00:00 uair an chloig ar an 29 Iúil go dtí 24:00 uair an chloig ar an 8 Deireadh Fómhair 2020 nó ó 00:00 uair an chloig ar an 9 Samhain 2020 go dtí 24:00 uair an chloig ar an 19 Eanáir 2021 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

— imeallbhoird an Aigéin Chiúin de Chríocha Mheiriceá,

▼B

— domhanfhad 150° I,

— domhanleithead 40° T,

— domhanleithead 40° D;

(b) ó 00:00 ar an 9 Deireadh Fómhair 2020 go dtí 24:00 ar an 8 Samhain 2020 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

— domhanfhad 96° I,

— domhanfhad 110° I,

— domhanleithead 40° T,

— domhanleithead 3° D.

2. Tabharfaidh na Ballstáit lena mbaineann fógra don Choimisiún roimh an 1 Aibreán 2019 maidir leis an tréimhse choiscthe roghnaithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 i dtaca le gach ceann dá soithí. Scoirfidh gach soitheach peas-saighne de chuid na mBallstát lena mbaineann den iascaireacht pheas-saighne sna limistéir a shainítear i mír 1 le linn na tréimhse roghnaithe.

3. Soithí peas-saighne a bheidh ag déanamh iascaireachta ar thuinníní i Limistéar Choinbhinsiún IATTC, coinneoidh siad ar bord gach tuinnín buí, gach tuinnín mórshúileach agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfar agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh siad iad a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina measfar go bhfuil an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid; nó

(b) le linn an tacair dheiridh de thuras, i gcás nach bhfuil dóthain spáis sa pholl taosctha do na tuinníní uile a gabhadh an tacar sin.

Airteagal 34

Sruthfheistí um chomhbhailiú éisc

1. Ní bheidh níos mó ná 450 FAD gníomhach in úsáid ag aon am amháin ag soitheach peas-saighne i limistéar Choinbhinsiún IATTC. Measfar FAD a bheith gníomhach nuair a dhéanfar é a imlonnú san fharraige, nuair a thosóidh sé ag tarchur a shuímh, agus nuair a bheidh sé á rianú ag an soitheach, ag a úinéir nó ag a oibreoir. Ní dhéanfar FAD a ghníomhaíochtú ach amháin ar bhord soithigh peas-saighne.

2. Ní fhéadfaidh soitheach peas-saighne FADanna a imlonnú le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe roghnaithe a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 33(1), agus tabharfaidh sé isteach an líon céanna FADanna agus a rinne sé a imlonnú ar an gcéad dul síos laistigh de 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe.

▼B

3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis laethúil a thuairisciú ar bhonn míosúil don Choimisiún faoi na FADanna gníomhacha uile mar a cheanglaíonn IATTC. Tíolacfar na tuarascálacha tar éis moill dar fad 60 lá ar a laghad ach nach faide ná 75 lá. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IATTC gan mhoill.

Airteagal 35

Teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha in iascaigh spiléireachta

Bunaítear in Iarscríbhinn IL na gabhálacha bliantúla iomlána don tuinnín mórshúileach ag soithí spiléireachta gach Ballstáit i limistéar Choinbhinsiún IATTC.

Airteagal 36

Toirmeasc ar shiorcanna bána aigéanacha a iascach

1. Toirmiscfear siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a iascach i limistéar Choinbhinsiún IATTC, agus aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol nó a dhíol.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh. Scaoilfidh na oibreoirí soithigh na heiseamail sin go pras.

3. Déanfaidh na hoibreoirí soithigh an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh siad an líon scaoiltí a thaifeadadh agus léiriú á thabhairt ar stádas (marbh nó beo);

(b) tuairisceoidh siad an fhaisnéis a shonraítear i bpointe (a) don Bhallstát dar náisiúnaithe iad. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a bailíodh le linn na bliana roimhe sin chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir.

Airteagal 37

Toirmeasc ar roic den fhine Mobulidae a iascach

Toirmiscfear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais i limistéar Choinbhinsiún IATTC aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán roc de chineál *Mobula* (an fhine *Mobulidae*, lena n-áirítear na géinis *Manta* agus *Mobula*) a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol, nó a dhíol. A luaithe a thabharfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais faoi deara gur gabhadh roic den fhine *Mobulidae*, scaoilfidh siad go pras iad, más féidir, agus iad beo agus gan ghortú.

▼B

Roinn 7

Limistéar Choinbhinsiún SEAFO

Airteagal 38

Toirmeasc ar shiorcanna domhainfharraige a iascach

Toirmiscfear iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún SEAFO:

(a) an catsúileach taibhsiúil (*Apristurus manis*),

(b) an lóchrannsiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*),

(c) an lóchrannsiorc earrghearr (*Etmopterus brachyurus*),

(d) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*),

(e) an lóchrannsiorc mín (*Etmopterus pusillus*),

(f) roic (*Rajidae*),

(g) an fíogach slim (*Scymnodon squamulosus*),

(h) siorcanna domhainfharraige den sárord *Selachimorpha*,

(i) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*).

Roinn 8

Limistéar Choinbhinsiún WCPFC

Airteagal 39

Coinníollacha maidir le hiascaigh tuinníní mórshúileacha, tuinníní buí, tuinníní aigéanacha agus thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh an líon laethanta iascaireachta a chionroinnfear ar shoithí peas-saighne a dhéanann tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus)*, tuinníní buí (*Thunnus albacares*) agus tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) a iascach sa chuid sin de limistéar Choinbhinsiún WCPFC atá ar an mórmhuir idir 20°T agus 20°D thar 403 lá.

2. Ní dhíreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar thuinnín colgacha (*Thunnus alalunga*) i limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20°D.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na gabhálacha tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) ag soithí spiléireachta os cionn 2 000 tonna.

Airteagal 40

Bainistíocht na hiascaireachta le FADanna

1. Sa chuid sin de Limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20°D, toirmiscfear ar shoithí peas-saighne FADanna a imlonnú, a sheirbhísiú nó a chur idir 00:00 an 1 Iúil 2020 agus 24:00 an 30 Meán Fómhair 2020.

▼B

2. I dteannta an toirmisc a leagtar síos i mír 1, toirmiscfear FADanna a chur ar mórmhuir i Limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20°T agus 20°D ar feadh dhá mhí eile: ó 00:00 an 1 Aibreán 2020 go 24:00 uair an 31 Bealtaine 2020 nó ó 00:00 an 1 Samhain 2020 go 24:00 an 31 Nollaig 2020.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 sna cásanna seo a leanas:

(a) sa tacar deiridh de thuras, mura mbeidh dóthain spáis sa pholl taosctha do na héisc uile;

(b) i gcás ina mbeidh an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid; nó

(c) nuair a tharlaíonn mór-mhífheidhmiú trealaimh reoiteora.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó ná 350 an líon FADanna a bhfuil baoithe gléasta gníomhachtaithe acu a dhéanfaidh soithí peas-saighne a imlonnú ar muir ag aon am amháin. Ní dhéanfar an baoi a ghníomhaíochtú ach amháin ar bhord soithigh.

5. Gach soitheach peas-saighne a dhéanann iascaireacht sa chuid sin de Limistéar Choinbhinsiún WCPFC dá dtagraítear i mír 1, coinneoidh siad ar bord, trasloingseoidh siad nó tabharfaidh siad i dtír gach tuinnín mórshúileach, gach tuinnín buí agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfaidh siad.

Airteagal 41

Teorainneacha ar an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun colgáin a iascach

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun colgáin (*Xiphias gladius*) a iascach i limistéir laisteas de 20°D i Limistéar Choinbhinsiún WCPFC.

Airteagal 42

Teorainneacha gabhála le haghaidh colgáin in iascaigh spiléireachta laisteas de 20° D

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na gabhálacha colgán (*Xiphias gladius*) laisteas de 20°D ag soithí spiléireachta os cionn na teorann a leagtar amach in Iarscríbhinn IG. Áiritheoidh na Ballstáit freisin nach mbogfar an iarracht iascaireachta chuig an limistéar atá lastuaidh de 20°D mar thoradh ar an mbeart sin.

Airteagal 43

Síodsiorcanna agus siorcanna bána aigéanacha

1. Toirmiscfear aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán na speiceas seo a leanas a choinneáil ar bord, a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú, a stóráil nó i Limistéar Choinbhinsiún WCPFC:

(a) síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*);

(b) siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*).

▼B

2. Nuair a ghabhfar de thaisme na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh. Scaoilfear na heiseamail go pras.

Airteagal 44

An limistéar forluí idir IATTC agus WCPFC

1. Na soithí sin nach liostaítear ach ar chlár WCPFC, cuirfidh siad i bhfeidhm na bearta a leagtar amach sa Roinn seo nuair a bheidh siad ag déanamh iascaireacht sa limistéar forluí idir IATTC agus WCPFC mar a shainítear i bpointe (v) d'Airteagal 4.

2. Na soithí sin a liostaítear ar chlár WCPFC agus ar chlár IATTC araon chomh maith leis na soithí sin nach liostaítear ach ar chlár IATTC, cuirfidh siad i bhfeidhm na bearta a leagtar amach in Airteagal 33(1)(a), (2), (3) agus (4) agus Airteagail 34, 35 agus 36 nuair a bheidh siad ag iascach sa limistéar forluí idir IATTC agus WCPFC mar a shainítear i bpointe (v) d'Airteagal 4.

Roinn 9

Muir Bheiring

Airteagal 45

Toirmeasc ar iascaireacht ar mhórmhuir Mhuir Bheiring

Toirmiscfear mangach (*Gadus chalcogrammus*) a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring.

Roinn 10

Limistéar Chomhaontú SIOFA

▼M2

Airteagal 46

Teorainneacha le hiascaireacht ghrinnill

Áiritheoidh Ballstáit, maidir le soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu a bhíonn ag iascaireacht i Limistéar Chomhaontú SIOFA:

(a) go mbeidh srian ag na soithí céanna ar a n-iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil agus a ngabhálacha ó iascaireacht ghrinnill, ionas nach sárófar an meánleibhéal bliantúil a bhí acu sna blianta sin nuair a bhí siad gníomhach i Limistéar Chomhaontú SIOFA, thar tréimhse ionadaíoch a bhfuil sonraí atá fógartha don Choimisiún ann lena haghaidh;

(b) nach méadóidh siad dáileadh spásúil a n-iarrachta iascaireachta grinnill, iarracht nach n-áirítear léi modhanna líne agus gaiste, thar limistéir ina ndearnadh iascaireacht le blianta beaga anuas;

(c) nach n-údaraítear dóibh a bheith ag iascaireacht i limistéir Atlantis Bank, Coral, Fools Flat, Middle of What, ná Walter's Shoal, ar limistéir iad atá faoi chosaint eatramhach, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IK, seachas más modhanna líne agus gaiste a úsáideann siad agus ar an gcoinníoll breathnóir eolaíoch a bheith ar bord acu i gcónaí le linn dóibh a bheith ag iascach sna limistéir sin.

▼B

TEIDEAL III

DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR IN UISCÍ AN AONTAIS

Airteagal 47

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua ar foluain acu agus soithí iascaireachta atá cláraithe in Oileáin Fharó

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua ar foluain acu agus soithí iascaireachta atá cláraithe in Oileáin Fharó, údarófar dóibh iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais laistigh de na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403.

Airteagal 48

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu, beidh siad faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403.

Airteagal 49

Údaruithe iascaireachta

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí tríú tír a dhéanann iascaireacht in uiscí an Aontais.

Airteagal 50

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

Beidh feidhm ag na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 7 maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a dhéanfaidh soithí tríú tír de dhroim na n-údaruithe dá dtagraítear in Airteagal 49.

▼M2

Airteagal 51

Séasúir coiscthe iascaireachta

Soithí tríú tír a údaraítear chun spéirlintí agus foghabhálacha gaolmhara a iascach in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, ní dhéanfaidh siad spéirlintí a iascach san fholimistéar sin le trál grinnill, líon saighne ná trealamh tarraingthe comhchosúla ag a bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm le linn na dtréimhsí seo a leanas:

(a) ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2020;

(b) ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2021.

▼B

Airteagal 52

Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Toirmiscfear ar shoithí tríú tír na speicis seo leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír aon uair a gheofar in uiscí an Aontais iad:

▼B

(a) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí an Aontais de ranna 2a, 3a agus 7d ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES;

(b) coimpléasc speiceas an sciata choitinn (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8, 9 agus 10 ICES;

(c) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí an Aontais de roinn 2a ICES agus in uiscí an Aontais d'fholimistéir 1, 4, 5, 6, 7, 8, 12 agus 14 ICES;

(d) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*), an fíogach éansocach (*Deania calcea*), an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*), an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*) agus an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéir 1, 4, agus 14 ICES;

(e) an craosaire (*Lamna nasus*) in uiscí an Aontais;

(f) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais de roinn 3a ICES;

(g) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais d'fholimistéir 6, 9 agus 10 ICES;

(h) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir;

(i) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;

(j) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, agus 10 ICES.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh. Scaoilfear na heiseamail go pras.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 53

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 54

Foráil idirthréimhseach

Leanfaidh Airteagal 10, Airteagal 12(2), agus Airteagail 16, 22, 23, 28, 36, 37, 38, 43, 45 agus 52 d'fheidhm a bheith acu, *mutatis mutandis*, go dtiocfaidh an Rialachán lena socrófar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 i bhfeidhm.

▼B

Airteagal 55

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020. Beidh feidhm ag Airteagal 9, áfach, ón 1 Feabhra 2020. Beidh feidhm ón 1 Nollaig 2019 ag na forálacha a leagtar amach in Airteagail 23, 24 agus 25 agus in Iarscríbhinn VII maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe i Limistéar Choinbhinsiún CAMLR.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ

IARSCRÍBHINN I:	TACanna is infheidhme maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais i limistéir arb ann do TACanna ina leith de réir speicis agus de réir limistéir
IARSCRÍBHINN IA:	Skagerrak, Kattegat, Folimistéir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 ICES, uiscí an Aontais de CECAF, uiscí Ghuáin na Fraince
IARSCRÍBHINN IB:	An tAtlantach Thoir Thuaidh agus an Ghraonlainn, Folimistéir 1, 2, 5, 12 agus 14 ICES agus uiscí na Graonlainne de NAFO 1
IARSCRÍBHINN IC:	An tAtlantach Thiar Thuaidh – Limistéar Choinbhinsiún NAFO
IARSCRÍBHINN ID:	Limistéar Choinbhinsiún ICCAT
IARSCRÍBHINN IE:	An tAigéan Atlantach Thoir Theas – Limistéar Choinbhinsiún SEAFO
IARSCRÍBHINN IF:	An tuinnín gorm deisceartach – limistéir dáileacháin
IARSCRÍBHINN IG:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC
IARSCRÍBHINN IH:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO
IARSCRÍBHINN IJ:	Limistéar Inniúlachta IOTC
IARSCRÍBHINN IK:	Limistéar Chomhaontú SIOFA
IARSCRÍBHINN IL:	Limistéar Choinbhinsiún IATTC
IARSCRÍBHINN II:	Iarracht iascaireachta le haghaidh soithí i gcomhthéacs bhainistíocht na stoc sóil i Muir nIocht Thiar i Roinn 7e ICES
IARSCRÍBHINN III:	Limistéir bhainistíochta le haghaidh spéirlintí i Ranna 2a agus 3a ICES agus i bhFolimistéar 4 ICES
IARSCRÍBHINN IV	Tréimhsí coiscthe séasúracha chun trosc sceite a chosaint
IARSCRÍBHINN V:	Údaruithe iascaireachta
IARSCRÍBHINN VI:	Limistéar Choinbhinsiún ICCAT
IARSCRÍBHINN VII:	Limistéar Choinbhinsiún CAMLR
IARSCRÍBHINN VIII:	Limistéar Inniúlachta IOTC
IARSCRÍBHINN IX:	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC

▼B

IARSCRÍBHINN I

TACANNA IS INFHEIDHME MAIDIR LE SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS I LIMISTÉIR ARB ANN DO TACANNA INA LEITH DE RÉIR SPEICIS AGUS DE RÉIR LIMISTÉIR

Déantar, sna táblaí san Iarscríbhinn seo, na TACanna agus na cuótaí a leagan amach (i dtonaí beomheáchain, seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt) de réir stoic agus, i gcás inarb iomchuí, de réir na gcoinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leo.

Beidh na deiseanna iascaireachta ar fad a leagtar amach san Iarscríbhinn seo faoi réir na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 den Rialachán sin.

Is tagairtí do limistéir ICES iad na tagairtí do limistéir iascaireachta, mura sonraítear a mhalairt. Laistigh de gach réimse, tagraítear do na stoic éisc de réir ord aibítre ainm Laidine an speicis. Is le hainmneacha Laidine agus leo sin amháin a shainaithnítear speicis chun críoch rialála; soláthraítear ainmneacha dúchasacha chun tagairt dóibh a éascú.

Chun críocha an Rialacháin seo, soláthraítear an tábla comparáideach seo a leanas, ina gcuimsítear ainmneacha Laidine agus gnáthainmneacha:

Ainm eolaíoch	Cód alpha-3	Gnáthainm
Amblyraja radiata	RJR	An roc réaltach
Ammodytes spp.	SAN	Spéirlintí
Argentina silus	ARU	An t-airgintín mór
Beryx spp.	ALF	Alfainsíní
Brosme brosme	USK	An torsca
Caproidae	BOR	Torcéisc
Centrophorus squamosus	GUQ	An siorc slogach gainneach duille
Centroscymnus coelolepis	CYO	An fíogach Portaingéalach
Chaceon spp.	GER	Portáin dhearga domhainmhara
Chaenocephalus aceratus	SSI	An t-oigheariasc dubheite
Champsocephalus gunnari	ANI	An t-oigheariasc ronnaigh
Channichthys rhinoceratus	LIC	An t-oigheariasc aonbheannaigh
Chionoecetes spp.	PCR	Portáin sneachta
Clupea harengus	HER	An scadán Atlantach
Coryphaenoides rupestris	RNG	An gránadóir cruinnsocach
Dalatias licha	SCK	An siorc eite eitleoige
Deania calcea	DCA	An fíogach éansocach
Dicentrarchus labrax	BSS	An doingean mara Eorpach
Dipturus batis (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*)	RJB	An coimpléasc sciata choitinn
Dissostichus eleginoides	TOP	An déadiasc Patagónach
Dissostichus mawsoni	TOA	An déadiasc Antartach
Dissostichus spp.	TOT	Déadéisc
Engraulis encrasicolus	ANE	An t-ainseabhaí
Etmopterus princeps	ETR	An lóchrannsiorc mór
Etmopterus pusillus	ETP	An lóchrannsiorc mín
Euphausia superba	KRI	An chrill

▼B

Ainm eolaíoch	Cód alpha-3	Gnáthainm
Gadus morhua	COD	An trosc
Galeorhinus galeus	GAG	An gearrthóir
Glyptocephalus cynoglossus	WIT	An leathóg bhán
Hippoglossoides platessoides	PLA	An daba gorm
Hoplostethus atlanticus	ORY	An gainneachán flannbhuí
Illex illecebrosus	SQI	An scuid ghearreiteach thuaisceartach
Lamna nasus	POR	An craosaire
Lepidorhombus spp.	LEZ	Méigrim scoilteán
Leucoraja naevus	RJN	Roc na súl dubh
Limanda ferruginea	YEL	An leith earrbhuí
Lophiidae	ANF	Láimhínigh
Macrourus spp.	GRV	Gránadóirí
Makaira nigricans	BUM	An mairlín gorm Atlantach
Mallotus villosus	CAP	An caibeallán
Manta birostris	RMB	Roc na caille
Martialia hyadesi	SQS	An scuid
Melanogrammus aeglefinus	HAD	An chadóg
Merlangius merlangus	WHG	An faoitín
Merluccius merluccius	HKE	An colmóir
Micromesistius poutassou	WHB	An faoitín gorm
Microstomus kitt	LEM	An leathóg mhín
Molva dypterygia	BLI	An langa gorm
Molva molva	LIN	An langa
Nephrops norvegicus	NEP	Gliomach na hIorua
Notothenia gibberifrons	NOG	An trosc carraige cruiteach
Notothenia rossii	NOR	An trosc carraige marmarach
Notothenia squamifrons	NOS	An trosc carraige liath
Pandalus borealis	PRA	An séacla Artach
Paralomis spp.	PAI	Portáin
Penaeus spp.	PEN	Cloicheáin *Penaeus*
Pleuronectes platessa	PLE	An leathóg
Pleuronectiformes	FLX	An t-iasc leathógach
Pollachius pollachius	POL	An mangach
Pollachius virens	POK	An liúdar
Psetta maxima	TUR	An turbard
Pseudochaenichthys georgianus	SGI	Oighearíasc na Seoirsia Theas
Pseudopentaceros spp.	EDW	Cruachinn pheiligeacha
Raja alba	RJA	An sciata bán
Raja brachyura	RJH	An roc fionn
Raja circularis	RJI	An roc gainmheach
Raja clavata	RJC	An roc garbh

▼B

Ainm eolaíoch	Cód alpha-3	Gnáthainm
Raja fullonica	RJF	An roc úcaire
Raja (Dipturus) nidarosiensis	JAD	An sciata Ioruach
Raja microocellata	RJE	An roc mionsúileach
Raja montagui	RJM	An roc mín
Raja undulata	RJU	An roc dústríoctha
Rajiformes	SRX	Sciataí agus roic
Reinhardtius hippoglossoides	GHL	An haileabó Graonlannach
Sardina pilchardus	PIL	An sairdín
Scomber scombrus	MAC	An ronnach
Scophthalmus rhombus	BLL	An bhroit
Sebastes spp.	RED	Péirsí mara
Solea solea	SOL	An sól coiteann
Solea spp.	SOO	Sóil
Sprattus sprattus	SPR	An salán
Squalus acanthias	DGS	An fíogach gobach
Tetrapturus albidus	WHM	An mairlín geal
Thunnus maccoyii	SBF	An tuinnín gorm deisceartach
Thunnus obesus	BET	An tuinnín mórshúileach
Thunnus thynnus	BFT	An tuinnín gorm
Trachurus murphyi	CJM	An bolmán sileach
Trachurus spp.	JAX	Bolmáin
Trisopterus esmarki	NOP	An trosc Ioruach
Urophycis tenuis	HKW	An colmóir bán
Xiphias gladius	SWO	An colgán

Is chun críoch míniúcháin amháin a sholáthraítear an tábla comparáideach seo a leanas de ghnáthainmneacha agus ainmneacha Laidine:

Gnáthainm	Cód alpha-3	Ainm eolaíoch
Alfainsíní	ALF	*Beryx* spp.
An daba gorm	PLA	*Hippoglossoides platessoides*
An t-ainseabhaí	ANE	*Engraulis encrasicolus*
Láimhínigh	ANF	*Lophiidae*
An déadiasc Antartach	TOA	*Dissostichus mawsoni*
An tuinnín mórshúileach	BET	*Thunnus obesus*
An fíogach éansocach	DCA	*Deania calcea*
An t-oighearíasc dubheite	SSI	*Chaenocephalus aceratus*
An roc fionn	RJH	*Raja brachyura*
An langa gorm	BLI	*Molva dypterygia*

▼B

Gnáthainm	Cód alpha-3	Ainm eolaíoch
An mairlín gorm Atlantach	BUM	*Makaira nigricans*
An faoitín gorm	WHB	*Micromesistius poutassou*
An tuinnín gorm	BFT	*Thunnus thynnus*
Torcéisc	BOR	*Caproidae*
An bhroit	BLL	*Scophthalmus rhombus*
An caibeallán	CAP	*Mallotus villosus*
An trosc	COD	*Gadus morhua*
An coimpléasc sciata choitinn	RJB	*Dipturus batis* (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*)
An sól coiteann	SOL	*Solea solea*
Portáin	PAI	*Paralomis* spp.
Roc na súl dubh	RJN	*Leucoraja naevus*
Portáin dhearga domhainmhara	GER	*Chaceon* spp.
An doingean mara Eorpach	BSS	*Dicentrarchus labrax*
An t-iasc leathógach	FLX	*Pleuronectiformes*
Roc na caille	RMB	*Manta birostris*
An lóchrannsiorc mór	ETR	*Etmopterus princeps*
An t-airgintín mór	ARU	*Argentina silus*
An haileabó Graonlannach	GHL	*Reinhardtius hippoglossoides*
Gránadóirí	GRV	*Macrourus* spp.
An trosc carraige liath	NOS	*Notothenia squamifrons*
An chadóg	HAD	*Melanogrammus aeglefinus*
An colmóir	HKE	*Merluccius merluccius*
An scadán	HER	*Clupea harengus*
Bolmáin	JAX	*Trachurus* spp.
An trosc carraige cruiteach	NOG	*Notothenia gibberifrons*
An bolmán sileach	CJM	*Trachurus murphyi*
An siorc eite eitleoige	SCK	*Dalatias licha*
An chrill	KRI	*Euphausia superba*
An siorc slogach gainneach duille	GUQ	*Centrophorus squamosus*
An leathóg mhín	LEM	*Microstomus kitt*
An langa	LIN	*Molva molva*
An ronnach	MAC	*Scomber scombrus*
An t-oighearíasc ronnaigh	ANI	*Champsocephalus gunnari*
An trosc carraige marmarach	NOR	*Notothenia rossii*
Méigrim scoilteán	LEZ	*Lepidorhombus* spp.
An séacla Artach	PRA	*Pandalus borealis*

▼B

Gnáthainm	Cód alpha-3	Ainm eolaíoch
Gliomach na hIorua	NEP	*Nephrops norvegicus*
An trosc Ioruach	NOP	*Trisopterus esmarki*
An sciata Ioruach	JAD	*Raja (Dipturus) nidarosiensis*
An gainneachán flannbhuí	ORY	*Hoplostethus atlanticus*
An déadiasc Patagónach	TOP	*Dissostichus eleginoides*
Cruachinn pheiligeacha	EDW	*Pseudopentaceros* spp.
Cloicheáin *Penaeus*	PEN	*Penaeus* spp.
An fíogach gobach	DGS	*Squalus acanthias*
An leathóg	PLE	*Pleuronectes platessa*
An mangach	POL	*Pollachius pollachius*
An craosaire	POR	*Lamna nasus*
An fíogach Portaingéalach	CYO	*Centroscymnus coelolepis*
Péirsí mara	RED	*Sebastes* spp.
An gránadóir cruinnsocach	RNG	*Coryphaenoides rupestris*
An liúdar	POK	*Pollachius virens*
Spéirlintí	SAN	*Ammodytes* spp.
An roc gainmheach	RJI	*Raja circularis*
An sairdín	PIL	*Sardina pilchardus*
An roc úcaire	RJF	*Raja fullonica*
An scuid ghearreiteach thuaisceartach	SQI	*Illex illecebrosus*
Sciataí agus roic	SRX	*Rajiformes*
An roc mionsúileach	RJE	*Raja microocellata*
An lóchrannsiorc mín	ETP	*Etmopterus pusillus*
Portáin sneachta	PCR	*Chionoecetes* spp.
Sóil	SOO	*Solea* spp.
Oigheariasc na Seoirsia Theas	SGI	*Pseudochaenichthys georgianus*
An tuinnín gorm deisceartach	SBF	*Thunnus maccoyii*
An roc mín	RJM	*Raja montagui*
An salán	SPR	*Sprattus sprattus*
An scuid	SQS	*Martialia hyadesi*

▼B

Gnáthainm	Cód alpha-3	Ainm eolaíoch
An roc réaltach	RJR	*Amblyraja radiata*
An colgán	SWO	*Xiphias gladius*
An roc garbh	RJC	*Raja clavata*
Déadéisc	TOT	*Dissostichus* spp.
An gearrthóir	GAG	*Galeorhinus galeus*
An turbard	TUR	*Psetta maxima*
An torsca	USK	*Brosme brosme*
An roc dústríoctha	RJU	*Raja undulata*
An t-oigheariasc aonbheannaigh	LIC	*Channichthys rhinoceratus*
An colmóir bán	HKW	*Urophycis tenuis*
An mairlín geal	WHM	*Tetrapturus albidus*
An sciata bán	RJA	*Raja alba*
An faoitín	WHG	*Merlangius merlangus*
An leathóg bhán	WIT	*Glyptocephalus cynoglossus*
An leith earrbhuí	YEL	*Limanda ferruginea*

▼B

IARSCRÍBHINN IA

SKAGERRAK, KATTEGAT, FOLIMISTÉIR 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 AGUS 14 ICES, UISCÍ AN AONTAIS DE CECAF, UISCÍ GHUÁIN NA FRAINCE

▼M1

Speiceas:	Corr ghainimh agus foghabhálacha gaolmhara *Ammodytes spp.*	**Limistéar:**	Uiscí an Aontais in 2a, 3a agus 4Union waters of 2a, 3a and 4 (1)
An Danmhairg	215 863 (2)	TAC anailíseach	
An Ríocht Aontaithe	4 719 (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	329 (2)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tSualainn	7 926 (2))		
An tAontas	228 837		
TAC	228 837		

(1) Cé is moite d'uiscí laistigh de shé mhuirmhíle ó bhonnlínte na Ríochta Aontaithe ag Sealtainn, Oileán na gCaorach agus Foula.
(2) Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus ronnach (OT1/*2A3A4). Foghabhálacha faoitíní agus ronnach arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a luaitear thíos a thógáil sna limistéir bhainistíochta seo a leanas le haghaidh corra gainimh, mar a shainítear in Iarscríbhinn III:

Limistéar: Uiscí an Aontais ina bhfuil limistéir bhainistíochta le haghaidh corra gainimh

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SAN/234_1R)	(SAN/234_2R)	(SAN/234_3R)	(SAN/234_4)	(SAN/234_5R)	(SAN/234_6)	(SAN/234_7R)
An Danmhairg	107 525	59 106	11 702	37 365	0	165	0
An Ríocht Aontaithe	2 350	1 292	256	817	0	4	0
An Ghearmáin	164	90	18	57	0	0	0
An tSualainn	3 948	2 170	430	1 372	0	6	0
An tAontas	113 987	62 658	12 406	39 611	0	175	0
Iomlán	113 987	62 658	12 406	39 611	0	175	0

▼B

Speiceas:	An T-airgintín Mór *Argentina silus*	**Limistéar:**	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 1 agus 2 (ARU/1/2.)
An Ghearmáin	24	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	8		
An Ísiltír	19		
An Ríocht Aontaithe	39		
An tAontas	90		
TAC	90		

Speiceas:	an t-airgintín mór *Argentina silus*	**Limistéar:**	uiscí an Aontais in 3a agus 4 (ARU/3A4-C)
An Danmhairg	1 093	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	11		
An Fhrainc	8		
Éire	8		
An Ísiltír	51		
An tSualainn	43		
An Ríocht Aontaithe	20		
An tAontas	1 234		
TAC	1 234		

Speiceas:	an t-airgintín mór *Argentina silus*	**Limistéar:**	uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5, 6 agus 7 (ARU/567.)
An Ghearmáin	284	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	6		
Éire	263		
An Ísiltír	2 968		
An Ríocht Aontaithe	208		
An tAontas	3 729		
TAC	3 729		

▼B

Speiceas:	an torsca *Brosme brosme*	**Limistéar:**	uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2 agus 14 (USK/1214EI)
An Ghearmáin	6 (1)	TAC réamhchúraim	
An Fhrainc	6 (1)	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ríocht Aontaithe	6 (1)		
Eile	3 (1)		
An tAontas	21 (1)		
TAC	21		

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo.

Speiceas:	an torsca *Brosme brosme*	**Limistéar:**	3a (USK/03A.)
An Danmhairg	15	TAC réamhchúraim	
An tSualainn	8	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	8		
An tAontas	31		
TAC	31		

Speiceas:	an torsca *Brosme brosme*	**Limistéar:**	uiscí an Aontais in 4 (USK/04-C.)
An Danmhairg	68	TAC réamhchúraim	
An Ghearmáin	20	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	47		
An tSualainn	7		
An Ríocht Aontaithe	102		
Eile	7 (1)		
An tAontas	251		
TAC	251		

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo.

▼B

Speiceas:	An Torsca *Brosme brosme*	**Limistéar:**	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 5, 6 agus 7 (USK/567EI.)
An Ghearmáin	17	TAC réamhchúraim	
An Spáinn	60	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	705		
Éire	68		
An Ríocht Aontaithe	340		
Eile	17 (1)		
An tAontas	1 207		
An Iorua	2 923 (2) (3) (4) (5)		
TAC	4 130		

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo.
(2) Le hiascach in uiscí an Aontais in 2a, 4, 5b, 6 agus 7 (USK/*24X7C).
(3) Coinníoll speisialta: lena n-údaraítear gabháil de thaisme de speicis eile de 25 % in aghaidh an tsoithigh, tráth ar bith, in 5b, 6 agus 7. Féadfar dul thar an gcéatadán sin, áfach, sna chéad 24 uair an chloig tar éis thús na hiascaireachta ar mheá ar leith. Ní rachaidh an ghabháil de thaisme iomlán de speicis eile in 5b, 6 agus 7 thar an méid thíos i dtonaí (OTH/*5B67-). Ní fhéadfaidh foghabháil trosc faoin bhforáil seo dul thar 5 % i limistéar 6a.
3 000
(4) Lena n-áirítear langa. Ní dhéanfar na cuótaí seo a leanas le haghaidh na hIorua a iascach ach le spiléir in 5b, 6 agus 7:
An langa (LIN/*5B67-) 8 000
An torsca (USK/*5B67-) 2 923
(5) Tá na cuótaí torsca agus langa le haghaidh na hIorua idirmhalartaithe suas go dtí an méid seo a leanas, i dtonaí:
2 000

Speiceas:	An Torsca *Brosme brosme*	**Limistéar:**	Uiscí na hIorua in 4 (USK/04-N.)
An Bheilg	0	TAC réamhchúraim	
An Danmhairg	165	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	1	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Fhrainc	0		
An Ísiltír	0		
An Ríocht Aontaithe	4		
An tAontas	170		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Speiceas:	Torcéisc *Caproidae*	**Limistéar:**	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 6, 7 agus 8 (BOR/678-)
An Danmhairg	4 700	TAC réamhchúraim	
Éire	13 235		
An Ríocht Aontaithe	1 217		
An tAontas	19 152		
TAC	19 152		

▼B

Speiceas:	An Scadán (1) *Clupea harengus*	**Limistéar:**	3a (HER/03A.)
An Danmhairg	10 309 (2)	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	165 (2)	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An tSualainn	10 783 (2)		
An tAontas	21 257 (2)		
An Iorua	3 271		
TAC	24 528		

(1) Gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil méid a mogaill cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.
(2) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den mhéid sin a iascach in uiscí an Aontais in 4 (HER/*04-C.).

▼M2

Speiceas:	an séacla Artach (1) *Clupea harengus*	**Limistéar:**	Union and Norwegian waters of 4 north of 53° 30′ N (HER/4AB.)
An Danmhairg	59 468	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	39 404	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	20 670		
An Ísiltír	51 717		
An tSualainn	3 913		
An Ríocht Aontaithe	55 583		
An tAontas	230 755		
Oileáin Fharó	250		
An Iorua	111 652 (1)		
TAC	385 008		

(1) Gabhálacha scadán a thógtar in iascaigh a úsáideann líonta a bhfuil méid a mogaill cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin.
(2) Gabhálacha a thógtar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC. Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil in uiscí de chuid an Aontais in 4a agus 4b (HER/*4AB-C). Deonófar cainníocht bhreise 10 000 tona ar a mhéid má iarrann an Iorua méadú den sórt sin.
50 000

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfaidh an tAontas níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil in uiscí na hIorua laisteas de 62° T. Deonófar cainníocht bhreise 10 000 tona ar a mhéid má iarrann an tAontas méadú den sórt sin.

Uiscí na hIorua laisteas de 62° T (HER/*04N-)
50 000

▼B

Speiceas:	an scadán *Clupea harengus*	**Limistéar:**	uiscí na hIorua laisteas de 62° T (HER/04-N.)
An tSualainn	948 (1)	TAC anailíseach	
An tAontas	948	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	385 008	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas sin.

▼B

Speiceas:	an scadán ([1]) *Clupea harengus*	**Limistéar:**	3a (HER/03A-BC)
An Danmhairg	5 692	TAC anailíseach	
An Ghearmáin	51	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An tSualainn	916		
An tAontas	6 659		
TAC	6 659		

([1]) Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar mar fhoghabháil in iascaigh a úsáideann líonta ar lú ná 32 mm méid a mogaill.

Speiceas:	an scadán ([1]) *Clupea harengus*	**Limistéar:**	4, 7d agus uiscí an Aontais in 2a (HER/2A47DX)
An Bheilg	44	TAC anailíseach	
An Danmhairg	8 573	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	44		
An Fhrainc	44		
An Ísiltír	44		
An tSualainn	42		
An Ríocht Aontaithe	163		
An tAontas	8 954		
TAC	8 954		

([1]) Go heisiach le haghaidh gabhálacha scadán a thógtar mar fhoghabháil in iascaigh a úsáideann líonta ar lú ná 32 mm méid a mogaill.

Speiceas:	an scadán ([1]) *Clupea harengus*	**Limistéar:**	4c, 7d ([2]) (HER/4CXB7D)
An Bheilg	8 632 ([3])	TAC anailíseach	
An Danmhairg	800 ([3])	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
An Ghearmáin	530 ([3])		
An Fhrainc	10 277 ([3])		
An Ísiltír	18 162 ([3])		
An Ríocht Aontaithe	3 950 ([3])		
An tAontas	42 351 ([3])		
TAC	385 008		

An Ghearmáin	117 (1)	TAC anailíseach	
An Fhrainc	47 (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ríocht Aontaithe	186 (1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	350 (1)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo.

Speiceas:	speicis eile (1)	**Limistéar:**	uiscí Fharó in 5b (OTH/05B-F.)
An Ghearmáin	281	TAC anailíseach	
An Fhrainc	253	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ríocht Aontaithe	166	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	700		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

(1) Seachas speicis nach bhfuil aon luach tráchtála ag baint leo.

Speiceas:	an t-iasc leathógach	**Limistéar:**	uiscí Fharó in 5b (FLX/05B-F.)
An Ghearmáin	9	TAC anailíseach	
An Fhrainc	7	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ríocht Aontaithe	34	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	50		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

Speiceas:	foghabhálacha (1)	**Limistéar:**	uiscí na Graonlainne (B-C/GRL)
An tAontas	800	TAC réamhchúraim	
		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) Déanfar foghabhálacha gránadóirí (*Macrourus* spp.) a thuairisciú i gcomhréir leis na táblaí de dheiseanna iascaireachta seo a leanas: gránadóirí in uiscí na Graonlainne 5 agus 14 (GRV/514GRN) agus gránadóirí in uiscí na Graonlainne de NAFO 1 (GRV/N1GRN)

▼B

IARSCRÍBHINN IC

AN tATLANTACH THIAR THUAIDH – LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NAFO

Speiceas:	an trosc *Gadus morhua*	**Limistéar:**	NAFO 2J3KL (COD/N2J3KL)
An tAontas	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0 (1)		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Speiceas:	an trosc *Gadus morhua*	**Limistéar:**	NAFO 3NO (COD/N3NO.)
An tAontas	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0 (1)		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 000 kg nó 4 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Speiceas:	an trosc *Gadus morhua*	**Limistéar:**	NAFO 3M (COD/N3M.)
An Eastóin	95	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	397		
An Laitvia	95		
An Liotuáin	95		
An Pholainn	324		
An Spáinn	1 221		
An Fhrainc	170		
An Phortaingéil	1 673		
An Ríocht Aontaithe	795		
An tAontas	4 865		
TAC	8 531		

▼B

Speiceas:	an leathóg bhán *Glyptocephalus cynoglossus*	**Limistéar:**	NAFO 3L (WIT/N3L.)
An tAontas	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0 (1)		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Speiceas:	an leathóg bhán *Glyptocephalus cynoglossus*	**Limistéar:**	NAFO 3NO (WIT/N3NO.)
An Eastóin	52	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Laitvia	52		
An Liotuáin	52		
An tAontas	156		
TAC	1 175		

Speiceas:	an daba gorm *Hippoglossoides platessoides*	**Limistéar:**	NAFO 3M (PLA/N3M.)
An tAontas	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0 (1)		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

▼B

Speiceas:	an daba gorm *Hippoglossoides platessoides*	**Limistéar:**	NAFO 3LNO (PLA/N3LNO.)
An tAontas	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0 (1)		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Speiceas:	an scuid ghearreiteach thuaisceartach *Illex illecebrosus*	**Limistéar:**	Folimistéir 3 agus 4 NAFO (SQI/N34.)
An Eastóin	128 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Laitvia	128 (1)		
An Liotuáin	128 (1)		
An Pholainn	227 (1)		
An tAontas	Ní bhaineann le hábhar (1) (2)		
TAC	34 000		

(1) Le hiascach idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig 2020.
(2) Ní ann do sciar sonrach an Aontais. Tá an méid a shonraítear thíos, i dtonaí, ar fáil do Cheanada agus do Bhallstáit an Aontais cé is moite den Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn:
29 467

Speiceas:	an leith earrbhuí *Limanda ferruginea*	**Limistéar:**	NAFO 3LNO (YEL/N3LNO.)
An tAontas	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	17 000		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 2 500 kg nó 10 % ar a mhéad, cibé acu is mó. Mar sin féin, nuair a ídeofar cuóta na leithe earrbhuí arna sannadh ag NAFO do pháirtithe conarthacha nach bhfuil sciar sonrach den stoc acu, is iad: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó, a bheidh sna teorainneacha foghabhála.

▼B

Speiceas:	an caibeallán *Mallotus villosus*	**Limistéar:**	NAFO 3NO (CAP/N3NO.)
An tAontas	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	0 (1)		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Speiceas:	an séacla Artach *Pandalus borealis*	**Limistéar:**	NAFO 3LNO (1) (2) (PRA/N3LNO.)
An Eastóin	0 (3)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Laitvia	0 (3)		
An Liotuáin	0 (3)		
An Pholainn	0 (3)		
An Spáinn	0 (3)		
An Phortaingéil	0 (3)		
An tAontas	0 (3)		
TAC	0 (3)		

(1) Gan an bosca a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas a áireamh:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead T	Domhanfhad I
1	47°20'0	46°40'0
2	47°20'0	46°30'0
3	46°00'0	46°30'0
4	46°00'0	46°40'0

(2) Toirmisctear iascaireacht a dhéanamh ag doimhneacht is lú ná 200 méadar sa limistéar laistiar de líne a a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead T	Domhanfhad I
1	46°00'0	47°49'0
2	46°25'0	47°27'0
3	46°42'0	47°25'0
4	46°48'0	47°25'50
5	47°16'50	47°43'50

(3) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

▼B

Speiceas:	an séacla Artach *Pandalus borealis*	**Limistéar:**	NAFO 3M ([1]) (PRA/*N3M.)
TAC	Ní bhaineann le hábhar ([2])	TAC anailíseach	

([1]) Féadfaidh soithí an stoc sin i Roinn 3L a iascach sa bhosca a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead T	Domhanfhad I
1	47°20'0	46°40'0
2	47°20'0	46°30'0
3	46°00'0	46°30'0
4	46°00'0	46°40'0

Thairis sin, toirmisctear séaclaí a iascach ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig sa limistéar a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas:

Uimh. an Phointe	Domhanleithead T	Domhanfhad I
1	47°55'0	45°00'0
2	47°30'0	44°15'0
3	46°55'0	44°15'0
4	46°35'0	44°30'0
5	46°35'0	45°40'0
6	47°30'0	45°40'0
7	47°55'0	45°00'0

([2]) Ní bhaineann le hábhar. Iascach a bhainistítear le teorainneacha ar an iarracht iascaireachta (EFF/*N3M.). Eiseoidh na Ballstáit lena mbaineann údaruithe iascaireachta le haghaidh a soithí iascaireachta atá i mbun an iascaigh sin agus tabharfaidh siad fógra faoi na húdaruithe sin don Choimisiún sula gcuirfear tús le gníomhaíocht an tsoithigh sin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

An Ballstát	An líon uasta laethanta iascaireachta	
An Danmhairg	33	
An Eastóin	391	(*)
An Spáinn	64	
An Laitvia	123	
An Liotuáin	145	
An Pholainn	25	
An Phortaingéil	17	

(*) D'aontaigh Coimisiún NAFO ag an gCruinniú Bliantúil a bhí aige in 2019 go n-aistreoidh an tAontas Eorpach (an Eastóin) 25 lá iascaireachta dá chionroinnt laethanta iascaireachta le haghaidh 2020 chuig an bhFrainc, i ndáil le St Pierre agus Miquelon. Baineadh na 25 lá iascaireachta sin ó líon laethanta iascaireachta na hEastóine. 416 lá a bheadh ann murach sin, faoin gcóras eatramhach seo do 2020 nach gcruthóidh stair ghabhála ar bith.

▼B

Speiceas:	an haileabó Graonlannach *Reinhardtius hippoglossoides*	**Limistéar:**	NAFO 3LMNO (GHL/N3LMNO)
An Eastóin	340	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	347		
An Laitvia	48		
An Liotuáin	24		
An Spáinn	4 650		
An Phortaingéil	1 944		
An tAontas	7 353		
TAC	12 542		

Speiceas:	sciata *Rajidae*	**Limistéar:**	NAFO 3LNO (SKA/N3LNO.)
An Eastóin	283	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Liotuáin	62		
An Spáinn	3 403		
An Phortaingéil	660		
An tAontas	4 408		
TAC	7 000		

Speiceas:	péirsí mara *Sebastes* spp.	**Limistéar:**	NAFO 3LN (RED/N3LN.)
An Eastóin	895	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	615		
An Laitvia	895		
An Liotuáin	895		
An tAontas	3 300		
TAC	18 100		

Speiceas:	péirsí mara *Sebastes* spp.	**Limistéar:**	NAFO 3M (RED/N3M.)
An Eastóin	1 571 ([1])	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	513 ([1])		
An Laitvia	1 571 ([1])		
An Liotuáin	1 571 ([1])		
An Spáinn	233 ([1])		
An Phortaingéil	2 354 ([1])		
An tAontas	7 813 ([1])		
TAC	8 590 ([1])		

([1]) Tá an cuóta seo faoi réir comhlíontacht leis an TAC de réir mar a léirítear, TAC arna bhunú le haghaidh an stoic sin le haghaidh gach Páirtí Conarthaigh NAFO. Laistigh den TAC sin, ní fhéadfar níos mó ná an teorainn leath-théarma seo a leanas a iascach roimh an 1 Iúil 2020: 4 295

▼B

Speiceas:	péirsí mara *Sebastes* spp.	**Limistéar:**	NAFO 3O (RED/N3O.)
An Spáinn	1 771	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Phortaingéil	5 229		
An tAontas	7 000		
TAC	20 000		

Speiceas:	péirsí mara *Sebastes* spp.	**Limistéar:**	Folimistéar 2 NAFO, Ranna 1F agus 3K (RED/N1F3K.)
An Laitvia	0 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Liotuáin	0 (1)		
An tAontas	0 (1)		
TAC	0 (1)		

(1) Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo. Is laistigh de na teorainneacha seo a leanas amháin a thógfar an speiceas seo mar fhoghabháil: 1 250 kg nó 5 % ar a mhéad, cibé acu is mó.

Speiceas:	an colmóir bán *Urophycis tenuis*	**Limistéar:**	NAFO 3NO (HKW/N3NO.)
An Spáinn	255	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Phortaingéil	333		
An tAontas	588 (1)		
TAC	1 000		

(1) I gcás ina ndeimhneoidh vóta dearfach ó na páirtithe conarthacha gur 2 000 tona atá sa TAC, i gcomhréir le hIarscríbhinn IA de Bhearta Caomhnúcháin agus Forfheidhmiúcháin NAFO, is iad na cuótaí seo a leanas cuótaí comhfhreagracha an Aontais agus na mBallstát:

An Spáinn 509

An Phortaingéil

667

An tAontas 1 176

▼B

IARSCRÍBHINN ID

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN ICCAT

Speiceas:	an tuinnín gorm *Thunnus thynnus*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus an Mheánmhuir (BFT/AE45WM)
An Chipir	169,35 (4)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghréig	314,77 (7)		
An Spáinn	6 107,60 (2) (4) (7)		
An Fhrainc	6 026,60 (2) (3) (4)		
An Chróit	952,53 (6)		
An Iodáil	4 756,49 (4) (5)		
Málta	390,24 (4)		
An Phortaingéil	574,31 (7)		
Ballstáit eile	68,11 (1)		
An tAontas	19 360 (2) (3) (4) (5)		
Cionroinnt speisialta bhreise	100 (7)		
TAC	36 000		

(1) Cé is moite den Chipir, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, Málta agus an Phortaingéil, agus mar fhoghabháil amháin.

(2) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*8301):

An Spáinn 925,33

An Fhrainc 429,87

An tAontas 1 355,20

(3) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus an chionroinnt idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma nach lú ná 6,4 kg a meáchan nó nach lú ná 70 cm a bhfad ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*641):

An Fhrainc 100

An tAontas 100

(4) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI (BFT/*8302):

An Spáinn 122,15

An Fhrainc 120,53

An Iodáil 95,13

An Chipir 3,39

Málta 7,80

An tAontas 349,01

(5) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn IV (BFT/*643):

An Iodáil 95,13

An tAontas 95,13

(6) Coinníoll speisialta: laistigh den TAC seo, beidh feidhm ag na teorainneacha gabhála agus na cionrannta idir na Ballstáit seo a leanas maidir le gabhálacha tuinníní gorma seo a leanas idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm ag na soithí dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn IV chun críoch feirmeoireachta (BFT/*8303F):

An Chróit 857,28

An tAontas 857,28

(7) De réir mar a comhaontaíodh le linn Chruinniú Bliantúil ICCAT 2018, gheobhaidh an tAontas Eorpach in 2020, sa bhreis ar an gcuóta cionroinnte de 19 360 tona, cionroinnt bhreise 100 tona, go heisiach le haghaidh soithí mionscála ó oileánraí sonracha sa Ghréig (Oileáin Iónacha), sa Spáinn (na hOileáin Chanáracha) agus sa Phortaingéil (na hAsóir agus Maidéara). Is mar seo a leanas a bheidh cionroinnt shonrach na cainníochta breise sin ar na Ballstáit lena mbaineann (BFT/AVARCH):

An Ghréig 4,5

An Spáinn 87,3

An Phortaingéil 8,2

An tAontas 100

▼B

Speiceas	an colgán *Xiphias gladius*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (SWO/AN05N)
An Spáinn	6 509,07 (2)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Phortaingéil	1 047,82 (2) (3)		
Ballstáit eile	128,81 (1) (2)		
An tAontas	7 685,70 (4)		
TAC	13 200		

(1) Cé is moite den Spáinn agus an Phortaingéil, agus mar fhoghabháil amháin.
(2) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 2,39 % den mhéid sin a iascach san Aigéan Atlantach, laisteas de 5°T (SWO/*AS05N).
(3) Cionroinneadh 36,34 tona ar an bPortaingéil chun asbhaint dhúbailte in 2018 a chúiteamh.
(4) Tar éis 40 tona a aistriú chuig Saint-Pierre et Miquelon (ICCAT Rec. 17-02).

Speiceas:	an colgán *Xiphias gladius*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, laisteas de 5°T (SWO/AS05N)
An Spáinn	4 712,18 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Phortaingéil	299,03 (1)		
An tAontas	5 011,21		
TAC	14 000		

(1) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 3,51 % den mhéid sin a iascach san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (SWO/*AN05N).

▼M2

Speiceas	an colgán *Xiphias gladius*	**Limistéar:**	An Mheánmhuir (SWO/MED)
An Chróit	14,60 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Chipir	53,85 (1)		
An Spáinn	1 663,34 (1)		
An Fhrainc	115,93 (1)		
An Ghréig	1 101,10 (1)		
An Iodáil	3 409,98 (1)		
Málta	404,55 (1)		
An tAontas	6 763,35 (1)		
TAC	9 583,07		

(1) Ní fhéadfar an cuóta seo a ghabháil ach ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig.

▼B

Speiceas:	tuinnín colgach an Tuaiscirt *Thunnus alalunga*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (ALB/AN05N)
Éire	2 891,01	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Spáinn	16 312,85		
An Fhrainc	5 203,15		
An Ríocht Aontaithe	188,45		
An Phortaingéil	2 273,97		
An tAontas	26 869,43 (1)		
TAC	33 600		

(1) Is é seo a leanas an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt mar spriocspeiceas, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 520/2007: 1 253.

Speiceas:	tuinnín colgach an Deiscirt *Thunnus alalunga*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, laisteas de 5°T (ALB/AS05N)
An Spáinn	905,86	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Fhrainc	297,70		
An Phortaingéil	633,94		
An tAontas	1 837,50		
TAC	24 000		

▼M1

Speiceas:	an tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach (BET/ATLANT)
An Spáinn	8 055,73 (1) (2)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Fhrainc	4 428,60 (1) (2)		
An Phortaingéil	3 058,33 (1) (2)		
An tAontas	15 542,66 (1) (2)		
TAC	62 500 (1) (2)		

(1) Déanfar gabhálacha tuinníní mórshúileacha ag soithí peas-saighne (BET/*ATLPS) agus gabhálacha ag báid spliéireachta dar fad iomlán 20 méadar (BET/*ATLLL) nó níos mó a thuairisciú ar leithligh.

(2) Ó mhí an Mheithimh 2020 i leith, nuair a shroichfidh gabhálacha 80 % den chuóta, beidh sé de cheangal ar Bhallstáit gabhálacha na soithí seo a tharchur ar bhonn seachtainiúil.

▼B

Speiceas:	an mairlín gorm Atlantach *Makaira nigricans*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach (BUM/ATLANT)
An Spáinn	22,88	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Fhrainc	380,48		
An Phortaingéil	46,44		
An tAontas	449,80 ([1])		
TAC	1 670		

([1]) Tar éis 2 thona a aistriú chuig Oileán na Tríonóide agus Tobága (ICCAT Rec. 19-05)

Speiceas:	an mairlín geal Atlantach *Tetrapturus albidus*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach (WHM/ATLANT)
An Spáinn	0	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Phortaingéil	0		
An tAontas	0		
TAC	355		

▼M1

Speicea:	An tuinnín buí *Thunnus albacares*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach (YFT/ATLANT)
TAC	110 000 ([1])	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

([1]) Déanfar gabhálacha tuinníní buí ag soithí peas-saighne (YFT/*ATLPS) agus gabhálacha ag báid spiléireachta dar fad iomlán 20 méadar nó níos mó (YFT/*ATLLL) a thuairisciú ar leithligh.

▼B

Speiceas:	colgán na ndealg Atlantach *Istiophorus albicans*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, lastoir de 45°I (SAI/AE45W)
TAC	1 271	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

Speiceas:	colgán na ndealg Atlantach *Istiophorus albicans*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, laistiar de 45°I (SAI/AW45W)
TAC	1 030	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

▼B

Speiceas:	an siorc gorm *Prionace glauca*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (BSH/AN05N)
Éire	1	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Spáinn	27 062		
An Fhrainc	152		
An Phortaingéil	5 363 (1)		
An tAontas	32 578		
TAC	39 102		

(1) An tréimhse ama agus an modh ríofa a úsáideann ICCAT chun an teorainn ghabhála le haghaidh shiorc ghoirm an Atlantaigh Thuaidh a shocrú, ní dhéanfaidh sé sin réamhbhreith ar an tréimhse ama ná ar an modh ríofa a úsáidtear chun aon eochair chionroinnte amach anseo ar leibhéal an Aontais a shainiú.

Speiceas:	an siorc gorm *Prionace glauca*	**Limistéar:**	an tAigéan Atlantach, laisteas de 5°T (BSH/AS05N)
TAC	28 923 (1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	

(1) An tréimhse ama agus an modh ríofa a úsáideann ICCAT chun an teorainn ghabhála le haghaidh shiorc ghoirm an Atlantaigh Thuaidh a shocrú, ní dhéanfaidh sé sin réamhbhreith ar an tréimhse ama ná ar an modh ríofa a úsáidtear chun aon eochair chionroinnte amach anseo ar leibhéal an Aontais a shainiú.

▼B

IARSCRÍBHINN IE

AN tAIGÉAN ATLANTACH THOIR THEAS – LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SEAFO

Ní chionroinntear na TACanna a leagtar amach thíos ar chomhaltaí SEAFO agus dá bhrí sin, tá sciar an Aontais neamhchinntithe. Is í Rúnaíocht SEAFO a dhéanann faireachán ar ghabhálacha agus tabharfaidh sí fógra do na Páirtithe Conarthacha nuair a bheidh scor d'iascaireacht toisc gur ídíodh TAC

Speiceas:	alfainsíní *Beryx* spp.	**Limistéar:**	SEAFO (ALF/SEAFO)
TAC	pm ([1])	TAC réamhchúraim	

([1]) Ní fhéadfar níos mó ná 132 thona a thógáil i Roinn B1 (ALF/*F47NA).

Speiceas:	portáin dhearga domhainmhara *Chaceon* spp.	**Limistéar:**	Foroinn B1 SEAFO ([1]) (GER/F47NAM)
TAC	pm ([1])	TAC réamhchúraim	

([1]) Chun críche an TAC sin, is mar seo a leanas a shainítear an limistéar atá oscailte don iascach:
— tá a theorainn thiar ar an domhanfhad 0°O aige;
— tá a theorainn thuaidh ar an domhanleithead 20°D aige;
— tá a theorainn theas ar an domhanleithead 28°D aige, agus
— tá a theorainn thoir ar feadh theorainneacha forimeallacha LEE na Namaibe aige.

Speiceas:	portáin dhearga domhainmhara *Chaceon* spp.	**Limistéar:**	SEAFO, cé is moite d'Fhoroinn B1 (GER/F47X)
TAC	pm	TAC réamhchúraim	

▼B

Speiceas:	an déadiasc Patagónach *Dissostichus eleginoides*	**Limistéar:**	Folimistéar D SEAFO (TOP/F47D)
TAC	pm	TAC réamhchúraim	

Speiceas:	an déadiasc Patagónach *Dissostichus eleginoides*	**Limistéar:**	SEAFO, cé is moite d'Fholimistéar D (TOP/F47-D)
TAC	pm	TAC réamhchúraim	

Speiceas:	an gainneachán flannbhuí *Hoplostethus atlanticus*	**Limistéar:**	Foroinn B1 SEAFO ([1]) (ORY/F47NAM)
TAC	pm ([1])	TAC réamhchúraim	

([1]) Chun críche na hIarscríbhinne seo, is mar seo a leanas a shainítear an limistéar atá oscailte don iascach:
— tá a theorainn thiar ar an domhanfhad 0°O aige;
— tá a theorainn thuaidh ar an domhanleithead 20°D aige;
— tá a theorainn theas ar an domhanleithead 28°D aige, agus
— tá a theorainn thoir ar feadh theorainneacha forimeallacha LEE na Namaibe aige.
([2]) Ach amháin i gcás liúntas foghabhála 4 thona (ORY/*F47NA).

Speiceas:	an gainneachán flannbhuí *Hoplostethus atlanticus*	**Limistéar:**	SEAFO, cé is moite d'Fhoroinn B1 (ORY/F47X)
TAC	pm	TAC réamhchúraim	

Speiceas:	cruachinn pheiligeacha *Pseudopentaceros* spp.	**Limistéar:**	SEAFO (EDW/SEAFO)
TAC	pm	TAC réamhchúraim	

▼B

IARSCRÍBHINN IF

AN TUINNÍN GORM DEISCEARTACH – LIMISTÉIR DÁILEACHÁIN

Speiceas:	an tuinnín gorm deisceartach *Thunnus maccoyii*	**Limistéar:**	gach limistéar dáileacháin (SBF/F41-81)
An tAontas	11 ([1])	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	17 647		

([1]) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo.

▼B

IARSCRÍBHINN IG

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

Speiceas:	an tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	**Limistéar:**	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20°D (BET/F7120S)
An tAontas	2 000 ([1])	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar ([1])		

([1]) Ní fhéadfaidh ach soithí atá ag baint úsáid as spiléir an cuóta seo a iascach

Speiceas:	an colgán *Xiphias gladius*	**Limistéar:**	Limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20°D (SWO/F7120S)
An tAontas	3 170,36	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

▼B

IARSCRÍBHINN IH

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SPRFMO

▼M2

Speiceas:	an bolmán *Trachurus murphyi*	**Limistéar:**	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (CJM/SPRFMO)
An Ghearmáin	10 446,80	TAC anailíseach	
An Ísiltír	11 323,26	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Liotuáin	7 269,16		
An Pholainn	12 498,78	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	41 538		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

▼B

Speiceas:	déadéisc *Dissostichus* spp.	**Limistéar:**	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (TOT/SPR-AE)
TAC	Fós le suí ([1])	TAC réamhchúraim	

([1]) Is le haghaidh iascaigh thaiscéalaíocha amháin an TAC seo. Ní dhéanfar iascaireacht ach amháin laistigh de na bloic thaighde seo a leanas (A-E):
- Bloc taighde A: an limistéar a theorannaítear leis na domhanleithid 47 °15' D agus 48° 15' D agus leis na domhanfhaid 146° 30' O agus 147° 30' O,
- Bloc taighde B: an limistéar a theorannaítear leis na domhanleithid 47° 15' D agus 48° 15' D agus leis na domhanfhaid 147° 30' O agus 148° 30' O,
- Bloc taighde C: an limistéar a theorannaítear leis na domhanleithid 47° 15' D agus 48° 15' D agus leis na domhanfhaid 148° 30' O agus 150° 00' O,
- Bloc taighde D: an limistéar a theorannaítear leis na domhanleithid 48° 15' D agus 49° 15' D agus leis na domhanfhaid 149° 00' O agus 150° 00' O,
- Bloc taighde E: an limistéar a theorannaítear leis na domhanleithid 48 15' D agus 49 30' D agus leis na domhanfhaid 150° 00' O agus 151° 00' O.

▼B

IARSCRÍBHINN IJ

RÉIMSE INNIÚLACHTA IOTC

Na gabhálacha tuinníní buí a ghabhann soithí peas-saighne de chuid an Aontais ní rachaidh siad thar na teorainneacha gabhála a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

Speiceas:	an tuinnín buí *Thunnus albacares*	**Limistéar:**	Limistéar Inniúlachta IOTC (YFT/IOTC)
An Fhrainc	29 501	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Iodáil	2 515		
An Spáinn	45 682		
An tAontas	77 698		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

▼B

IARSCRÍBHINN IK

LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ SIOFA

Speiceas:	déadéisc *Dissostichus* spp.	**Limistéar:**	Limistéar Del Cano (1) (TOT/F517DC)
An tAontas	18,33 (2)	TAC réamhchúraim	
TAC	55 (2)		

(1) Uiscí idirnáisiúnta i bhFolimistéar FAO 51.7 a theorannaítear idir domhanleithead -44° D agus -45° D, agus na limistéir eacnamaíocha eisiacha cóngaracha lastoir agus laistiar.

(2) Ní fhéadfaidh ach soithí a bhfuil breathnóirí ar bord orthu agus a bhfuil spiléir á n-úsáid acu iascach anseo le linn an tséasúir iascaireachta ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 30 Samhain 2020. Ní rachaidh spiléir thar 3 000 duán in aghaidh na líne agus socrófar iad ag 3 mhuirmhíle ar a laghad óna chéile.
Ní fhéadfaidh gabhálacha soithí nach ndíríonn ar an speiceas seo dul thar 0,5 tona in aghaidh an tséasúir iascaireachta. Nuair a shroichfidh soitheach an teorainn sin, ní fhéadfaidh sé iascach i Limistéar Del Cano a thuilleadh.

Speiceas:	déadéisc *Dissostichus* spp.	**Limistéar:**	Williams Ridge (1) (TOT/F574WR)
An tAontas	Fós le suí (2)	TAC réamhchúraim	
TAC	140 (2)		

(1) An limistéar d'Fholimistéar 57.4 FAO a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	52°30'00" D	80°00'00" O
2	55°00'00" D	80°00'00" O
3	55°00'00" D	85°00'00" O
4	52°30'00" D	85°00'00" O

(2) Ní fhéadfaidh ach soithí a bhfuil breathnóirí ar bord orthu iascach anseo le linn an tséasúir iascaireachta ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 30 Samhain 2020. Ní shocraítear níos mó ná dhá spiléar nach rachaidh thar 6 250 duán in aghaidh na cille greille arna bunú ag SIOFA agus cuirtear tréimhse 30 lá ar a laghad i bhfeidhm idir turais iascaireachta de réir na gcoinníollacha rochtana arna mbunú ag SIOFA. Ní fhéadfaidh gabhálacha soithí nach ndíríonn ar an speiceas seo dul thar 0,5 tona in aghaidh an tséasúir iascaireachta. Nuair a bhainfidh soitheach an teorainn sin amach, ní fhéadfaidh sé iascaireacht a dhéanamh in Williams Ridge a thuilleadh.

▼M1

Limistéir atá faoi chosaint eatramhach

Atlantis Bank

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	32° 00'	57° 00'
2	32° 50'	57° 00'
3	32° 50'	58° 00'
4	32° 00'	58° 00'

Coral

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	41° 00'	42° 00'
2	41° 40'	42° 00'
3	41° 40'	44° 00'
4	41° 00'	44° 00'

▼M1

Fools Flat

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	31°30'	94° 40'
2	31°40'	94° 40'
3	31°40	95° 00'
4	31°30'	95° 00'

Middle of What

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	37° 54'	50° 23'
2	37° 56.5'	50° 23'
3	37° 56.5'	50° 27'
4	37° 54'	50° 27'

Walter’s Shoal

Pointe	Domhanleithead (D)	Domhanfhad (O)
1	33° 00'	43° 10'
2	33° 20'	43° 10'
3	33° 20'	44° 10'
4	33° 00'	44° 10'

▼B

IARSCRÍBHINN IL

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN IATTC

Speiceas:	an tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	**Limistéar:**	Limistéar Choinbhinsiún IATTC (BET/IATTC)
An tAontas	500 ([1])	TAC réamhchúraim	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

([1]) Ní fhéadfaidh ach soithí a úsáideann spiléir an cuóta seo a iascach.

▼B

IARSCRÍBHINN II

IARRACHT IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ I gCOMHTHÉACS BHAINISTÍOCHT NA STOC SÓL I MUIR nIOCHT THIAR I ROINN 7e ICES

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

1. RAON FEIDHME

1.1. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 10 méadar nó níos mó ar a bhfad iomlán agus a bhfuil an méid seo a leanas á n-iompar ar bord acu nó á n-imlonnú acu: tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná 80mm a mogallmhéid agus líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná 220 mm a mogallmhéid i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 509/2007, agus atá i láthair i roinn 7e ICES.

1.2. Soithí a iascann le líonta éighníomhacha ar cothrom le 120 mm nó ar mó ná 120 mm a mogallmhéid agus a bhfuil cuntais teiste acu is lú ná 300 kg beomheáchan sóil in aghaidh na bliana le linn na dtrí bliana roimhe sin, de réir a dtaifead iascaireachta, díolmhófar na soithí sin ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) is lú ná 300 kg beomheáchan na sól a ghabh na soithí sin le linn thréimhse bhainistíochta 2018;

(b) ní dhéanann na soithí sin trasloingsiú ar aon iasc ar muir chuig soitheach eile;

(c) faoin 31 Iúil 2020 agus faoin 31 Eanáir 2021, tabharfaidh gach Ballstát lena mbaineann tuarascáil don Choimisiún maidir le taifid na soithí sin ar ghabháil sól sna trí bliana roimhe sin agus ar ghabhálacha sól in 2020.

I gcás aon cheann de na coinníollacha sin gan a bheith á chomhlíonadh, scoirfidh na soithí lena mbaineann de bheith díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo, le héifeacht láithreach.

2. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "grúpáil trealaimh" an ghrúpáil ina bhfuil an dá chatagóir trealaimh seo a leanas:

(i) tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná 80 mm a mogallmhéid, agus

(ii) líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná 220 mm a mogallmhéid;

(b) ciallaíonn ‘trealamh rialáilte’ aon cheann den dá chatagóir trealaimh ar leis an ngrúpáil trealaimh iad;

(c) ciallaíonn ‘limistéar’ roinn 7e ICES;

(d) ciallaíonn ‘tréimhse reatha bainistíochta’ an tréimhse ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 31 Eanáir 2021.

▼B

3. SRIAN AR GHNÍOMHAÍOCHT

Gan dochar d'Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh gach Ballstát maidir leis na soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil a bhratach ar foluain acu agus atá cláraithe san Aontas, i gcás trealamh rialáilte a bheith á iompar ar bord acu, nach mbeidh na soithí sin laistigh den limistéar níos mó ná an líon laethanta a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo.

CAIBIDIL II

Údaruithe

4. SOITHÍ ÚDARAITHE

4.1 Ní údaróidh Ballstát iascaireacht le trealamh rialáilte sa limistéar arna déanamh ag aon soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aici nach bhfuil aon taifead aici ar ghníomhaíocht iascaireachta den sórt sin sa limistéar le linn na tréimhse ó 2002 go 2018, cé is moite de thaifead na ngníomhaíochtaí iascaireachta a d'eascair as aistriú laethanta idir soithí iascaireachta, mura n-áiritheoidh an Ballstát go gcoiscfear ar an acmhainneacht choibhéiseach, arna tomhas i gcileavata, iascaireacht a dhéanamh sa limistéar.

4.2 Mar sin féin, féadfar soitheach a bhfuil cuntas teiste aici maidir le trealamh rialáilte a úsáid a údarú chun trealamh iascaireachta eile a úsáid, ar choinníoll gur cothrom an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealaimh sin leis an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealaimh rialáilte nó gur mó ná sin í.

4.3 I gcás soitheach a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aici nach bhfuil aon chuóta aige sa limistéar, ní údarófar é chun iascaireacht a dhéanamh le trealamh rialáilte sa limistéar, mura gcionroinnfear cuóta ar an soitheach tar éis aistriú a dhéanamh mar a cheadaítear i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mura gcionroinnfear laethanta ar muir uirthi i gcomhréir le pointí 10 nó 11 den Iarscríbhinn seo.

CAIBIDIL III

Líon na laethanta laistigh den limistéar a chionroinntear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais

5. AN LÍON UASTA LAETHANTA

Léirítear i dTábla I an líon uasta laethanta ar muir le linn na tréimhse reatha bainistíochta a fhéadfaidh Ballstát a údarú do shoitheach, a bhfuil a bhratach ar foluain aici, a bheith laistigh den limistéar agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aici.

Tábla I

An líon uasta laethanta in aghaidh na bliana a fhéadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar de réir chatagóir an trealaimh rialáilte

Trealamh rialáilte	An líon uasta laethanta	
Tráil bhíoma a bhfuil a mogallmhéid ≥ 80 mm	An Bheilg	176
	An Fhrainc	188
	An Ríocht Aontaithe	222
Líonta éighníomhacha a bhfuil a mogallmhéid mm ≤ 220 mm	An Bheilg	176
	An Fhrainc	191
	An Ríocht Aontaithe	176

▼B

6. CÓRAS CILEAVAT-LAE

6.1. Le linn na tréimhse reatha bhainistíochta, féadfaidh Ballstát a chionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavat-lae. Faoin gcóras sin, féadfaidh an Ballstát údarú a thabhairt d'aon soitheach a mbaineann aon trealamh rialáilte mar a leagtar amach i dTábla I léi a bheith laistigh den limistéar ar feadh líon uasta laethanta nach ionann agus an líon laethanta a leagtar amach sa Tábla sin, ar choinníoll go n-urramaítear iomlán na gcileavat-laethanta a chomhfhreagraíonn don trealamh rialáilte.

6.2. Is é méid foriomlán seo na gcileavat-laethanta suim gach iarrachta iascaireachta aonair a chionroinnfear ar na soithí sin a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu agus atá incháilithe le haghaidh an trealaimh rialáilte. Beidh iarrachtaí iascaireachta aonair den sórt sin á ríomh i gcileavat-laethanta trí chumhacht innill gach soithigh a iolrú faoin líon laethanta ar muir as a mbainfeadh sí tairbhe, de réir Thábla I, dá mba rud é nach gcuirfí pointe 6.1 i bhfeidhm.

6.3. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1, cuirfidh an Ballstát sin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, le haghaidh an trealaimh rialáilte mar a leagtar síos i dTábla I, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh sonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) liosta de na soithí atá údaraithe le bheith ag iascaireacht agus an uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill atá acu;

(b) an líon laethanta ar muir a n-údarófaí gach soitheach i dtús báire chun iascaireacht a dhéanamh de réir Thábla I agus an líon laethanta ar muir a mbainfeadh gach soitheach tairbhe as i gcur i bhfeidhm phointe 6.1.

6.4. Ar bhonn an iarratais sin, measfaidh an Coimisiún cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe 6 á gcomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, féadfaidh sé an Ballstát sin a údarú leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear 6.1.

7. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH SCOR BUAN GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA

7.1. Féadfaidh an Coimisiún líon breise laethanta ar muir a bhféadfaidh Ballstát brataí soitheach dá chuid a údarú a bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici a chionroinnt ar Bhallstát ar bhonn scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a rinneadh le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin ann i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 nó le Rialachán (CE) Uimh. 744/2008. Féadfaidh an Coimisiún scor buan a eascróidh as aon imthosca eile a mheas ar bhonn cás ar chás, tar éis iarratas cuí-réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón mBallstát lena mbaineann. San iarratas i scríbhinn sin, sainaithneofar na soithí lena mbaineann agus deimhneofar, i gcás gach soithigh acu, nach bhfillfidh siad ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh choíche.

7.2. An iarracht in 2003 arna tomhas i gcileavata-laethanta a rinne na soithí aistarraingthe a raibh grúpáil trealaimh ar leith á n-úsáid acu, déanfar í a roinnt ar an iarracht a rinne gach soitheach le linn 2003 agus an ghrúpáil trealaimh sin á n-úsáid acu. Déanfar líon breise na laethanta ar muir a ríomh ansin tríd an gcóimheas a gheofar amhlaidh a iolrú faoin líon laethanta a chionroinnfí de réir Thábla I. Déanfar aon chuid de lá a thiocfadh as an ríomh sin a shlánú go dtí an lá iomlán is gaire.

7.3. Ní bheidh feidhm ag pointí 7.1 agus 7.2 i gcás ina ndearnadh soitheach a ionadú i gcomhréir le pointe 4.2, nó i gcás inar baineadh úsáid as an tarraingt siar sin cheana féin sna blianta roimhe sin chun laethanta breise ar muir a fháil.

▼B

7.4. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 7.1 cuirfidh sé iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 15 Meitheamh den tréimhse reatha bhainistíochta, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh, i gcás na grúpála trealaimh mar a leagtar síos í i dTábla I, mionsonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) liosta de na soithí aistarraingthe agus an uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill a bhí acu;

(b) an ghníomhaíocht iascaireachta a rinne na soithí in 2003 arna ríomh i laethanta ar muir de réir ghrúpáil an trealamh iascaireachta.

7.5. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát na laethanta breise sin ar muir a ath-chionroinnt ar na soithí uile nó ar chuid de na soithí a bheidh fágtha sa chabhlach agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealaimh rialáilte.

7.6. Nuair a chionroinnfidh an Coimisiún laethanta breise ar muir i ngeall ar scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta le linn na tréimhse reatha bainistíochta roimhe sin, déanfar an líon uasta laethanta in aghaidh an Bhallstáit agus an trealaimh a léirítear i dTábla I a choigeartú dá réir sin le haghaidh na tréimhse reatha bainistíochta.

8. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH CLÚDACH BREATHNÓRA EOLAÍOCH FEABHSAITHE

8.1. Féadfaidh an Coimisiún trí lá breise a bhféadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici a chionroinnt idir an 1 Feabhra 2020 agus an 31 Eanáir 2021 ar Bhallstát ar bhonn clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch i gcomhpháirt le heolaithe agus le tionscal na hiascaireachta. Díreofar i gclár den sórt sin, go háirithe, ar leibhéil aischuir agus ar chomhdhéanamh gabhála agus rachaidh sé thar na ceanglais maidir le bailiú sonraí, a leagtar síos i Rialachán (AE) 199/2008 agus ina rialacha cur chun feidhme maidir le cláir náisiúnta.

8.2. Beidh breathnóirí eolaíocha neamhspleách ar an úinéir, ar mháistir an tsoithigh iascaireachta agus ar aon chomhalta den chriú.

8.3. Déanfaidh Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 8.1 tuairisc faoina chlár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas.

8.4. Más rud é go ndearna an Coimisiún clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch arna thíolacadh ag Ballstát a fhormheas roimhe seo, agus gur mian leis an mBallstát lena mbaineann go leanfar den chlár sin a chur i bhfeidhm gan aon athrú, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún go leanfar den chlár sin ceithre seachtaine roimh thús na tréimhse lena mbaineann an clár.

CAIBIDIL IV

Bainistíocht

9. OIBLEAGÁID GHINEARÁLTA

Déanfaidh na Ballstáit an iarracht iascaireachta uasta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 26 go 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

▼B

10. TRÉIMHSÍ BAINISTÍOCHTA

10.1. Féadfaidh Ballstát na laethanta laistigh den limistéar a leagtar amach i dTábla I a roinnt ina dtréimhsí bainistíochta a mhairfidh mí féilire amháin nó níos mó.

10.2. Is é an Ballstát lena mbaineann a shocróidh an líon laethanta nó uaireanta an chloig a fhéadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar le linn tréimhse bhainistíochta.

10.3. Más de réir uaireanta an chloig a údaraíonn Ballstát do shoithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu a bheith laistigh den limistéar, leanfaidh an Ballstát de chaitheamh na laethanta a thomhas mar a shonraítear i bpointe 9. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, léireoidh an Ballstát na bearta réamhchúraim a rinne sé chun róchaitheamh laethanta laistigh den limistéar toisc go ndearna soitheach a láithreacht sa limistéar a fhoirceannadh sula raibh deireadh le tréimhse 24 uair an chloig a sheachaint.

CAIBIDIL V

Cionrannta iarrachta iascaireachta a mhalartú

11. LAETHANTA A AISTRIÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A BHFUIL BRATACH BALLSTÁIT AR FOLUAIN ACU

11.1. Féadfaidh Ballstát cead a thabhairt d'aon soitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige laethanta laistigh den limistéar a bhfuil údarú faighte aige ina leith a aistriú chuig soitheach eile a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain aige laistigh den limistéar sin, ar choinníoll gur lú toradh líon na laethanta a fuair soitheach agus cumhacht an innill i gcileavatanna (cileavat-laethanta) ná toradh líon na laethanta a d'aistrigh an soitheach deontóra agus cumhacht innill i gcileavata, nó gur cothrom lena chéile iad. Is é cumhacht innill na soithí i gcileavatanna an chumhacht sin a thaifeadfar i gcás gach soithigh atá i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.

11.2. Ní bheidh an líon iomlán laethanta laistigh den limistéar a aistreofar i gcomhréir le pointe 11.1, arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh deontóra i gcileavatanna, níos airde ná meánlíon bliantúil laethanta chuntas teiste an tsoithigh deontóra sa limistéar mar a fhíoraítear leis an logleabhar iascaireachta sna blianta 2001, 2002, 2003, 2004 agus 2005 arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh sin i gcileavatanna.

11.3. An t-aistriú laethanta ar a bhfuil tuairisc i gcomhréir le pointe 11.1, ceadófar é idir soithí a oibríonn le haon trealamh rialáilte agus le linn na tréimhse céanna bainistíochta.

11.4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstát faisnéis ar fáil maidir leis na haistrithe a rinneadh. Féadfaidh an Coimisiún formáidí scarbhileoige a bhunú chun an fhaisnéis sin a bhailiú agus a tharchur, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).

12. LAETHANTA A AISTRIÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A BHFUIL BRATACH BALLSTÁT ÉAGSÚIL AR FOLUAIN ACU

Féadfaidh na Ballstáit aistriú laethanta laistigh den limistéar don tréimhse bhainistíochta chéanna agus laistigh den limistéar idir aon soitheach iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain aige a cheadú ar choinníoll go mbeidh feidhm *mutatis mutandis* ag pointí 4.2., 4.4., 5, 6 agus 10. I gcás ina gcinnfidh Ballstáit aistriú den sórt sin a údarú, tabharfaidh siad fógra, sula ndéanfar an t-aistriú, don Choimisiún faoi shonraí an aistrithe, lena n-áirítear an líon laethanta atá le haistriú, an iarracht iascaireachta agus, i gcás inarb infheidhme, na cuótaí iascaireachta lena mbaineann.

▼B

CAIBIDIL VI

Oibleagáidí maidir le tuairisciú

13. TUARASCÁIL AR IARRACHTAÍ IASCAIREACHTA

Beidh feidhm ag Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le soithí a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhinne seo. Tuigfear gurb é an limistéar geografach dá dtagraítear san Airteagal sin an limistéar a shonraítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo.

14. SONRAÍ ÁBHARTHA A BHAILIÚ

Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a bhailiú gach ráithe maidir leis an iarracht iascaireachta iomlán a rinneadh laistigh den limistéar i dtaca le trealamh tarraingthe agus le gléas éighníomhach, an iarracht a rinne soithí agus cineálacha éagsúla trealaimh á n-úsáid acu sa limistéar, agus cumhacht innill na soithí sin i laethanta cileavata, ar bhonn na faisnéise a úsáidtear chun laethanta iascaireachta laistigh den limistéar a bhainistiú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

15. SONRAÍ ÁBHARTHA A CHUR IN IÚL

Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, cuirfidh na Ballstáit scarbhileog ar fáil don Choimisiún ar a mbeidh sonraí a shonraítear i bpointe 14 san fhormáid a shonraítear i dTáblaí II agus III tríd an scarbhileog sin a sheoladh chuig an seoladh bosca ríomhphoist iomchuí, a chuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, faisnéis mhionsonraithe a chur chuig an gCoimisiún maidir leis an iarracht a cionroinneadh agus an iarracht a caitheadh lena gcumhdófar tréimhsí bainistíochta uile 2018 agus 2019 nó codanna díobh, agus úsáid á baint as an bhformáid sonraí a shonraítear i dTáblaí IV agus V.

Tábla II

Formáid an tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

An Ballstát	Trealamh	Tréimhse bhainis-tíochta	Dearbhú iarrachta carnaí
(1)	(2)	(3)	(4)

Tábla III

Formáid na sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú [1] C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe
(2) Trealamh	2		Ceann de na cineálacha trealaimh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm
(3) Tréimhse bhainis-tíochta	4		Bliain amháin sa tréimhse ó thréimhse bhainistíochta 2006 go dtí an tréimhse reatha bhainistíochta
(4) Dearbhú iarrachta carnaí	7	D	Méid carnach na hiarrachta iascaireachta arna shloinneadh i cileavata-laethanta a rinneadh ón 1 Feabhra go dtí an 31 Eanáir den tréimhse bhainistíochta ábhartha

[1] Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhormáidiú aonfhaid.

▼B

Tábla IV

Formáid an tuairiscithe le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

An Ballstát	CFR	Marcáil sheachtrach	Fad na tréimhse bainistíochta	Trealamh faoinar tugadh fógra				Laethanta incháilithe chun an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra a úsáid				Laethanta a caitheadh leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra				Laethanta a aistríodh
				Uimh 1	Uimh 2	Uimh 3	…	Uimh 1	Uimh 2	Uimh 3	…	Uimh 1	Uimh 2	Uimh 3	…	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(5)	(5)	(5)	(6)	(6)	(6)	(6)	(7)	(7)	(7)	(7)	(8)

Tábla V

Formáid sonraí le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ([1]) C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe
(2) CFR	12		Uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) Uimhir aitheantais uathúil soithigh iascaireachta An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) fara sraith sainaitheantais (9 gcarachtar) ina dhiaidh. I gcás ina bhfuil níos lú ná 9 gcarachtar sa tsraith, cuirfear nialais bhreise isteach ar thaobh na láimh clé
(3) Marcáil sheachtrach	14	C	Faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011
(4) Fad na tréimhse bainistíochta	2	C	Fad na tréimhse bainistíochta arna tomhas i míonna
(5) Trealamh faoinar tugadh fógra	2	C	Ceann de na cineálacha trealaimh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm
(6) Coinníoll speisialta a bhaineann leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta dá bhfuil an soitheach incháilithe faoi Iarscríbhinn IIA le haghaidh an trealaimh a roghnaíodh agus le haghaidh fhad na tréimhse bainistíochta ar tugadh fógra ina leith
(7) Laethanta a caitheadh leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta a chaith an soitheach go hiarbhír laistigh den limistéar agus úsáid á baint as trealamh a chomhfhreagraíonn do threalamh ar tugadh fógra faoi le linn na tréimhse bainistíochta ar tugadh fógra ina leith
(8) Laethanta a aistríodh	4	C	I gcás laethanta a aistríodh, cuirtear in iúl an méid seo a leanas '– an líon laethanta a aistríodh' agus i gcás laethanta a fuarthas cuirtear in iúl an méid seo a leanas '+ an líon laethanta a aistríodh'

([1]) Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhormáidiú aonfhaid.

▼B

IARSCRÍBHINN III

LIMISTÉIR BHAINISTÍOCHTA LE hAGHAIDH CORRA GAINIMH I RANNA 2a AGUS 3a ICES AGUS I bhFOLIMISTÉAR 4 ICES

Chun críocha bhainistiú na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh corra gainimh i ranna 2a, 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a shocraítear in Iarscríbhinn IA, déantar na limistéir bhainistíochta ina sainítear teorainneacha gabhála sonracha mar a léirítear thíos agus san Aguisín a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo:

Limistéar bainistíochta corr gainimh	Dronuilleoga staidrimh ICES
1r	31–33 E9–F4; 33 F5; 34–37 E9–F6; 38–40 F0–F5; 41 F4–F5
2r	35 F7–F8; 36 F7–F9; 37 F7–F8; 38–41 F6–F8; 42 F6–F9; 43 F7–F9; 44 F9–G0; 45 G0–G1; 46 G1
3r	41–46 F1–F3; 42–46 F4–F5; 43–46 F6; 44–46 F7–F8; 45–46 F9; 46–47 G0; 47 G1 agus 48 G0
4	38–40 E7–E9 agus 41–46 E6–F0
5r	47–52 F1–F5
6	41–43 G0–G3; 44 G1
7r	47–52 E6–F0

▼B

Aguisín 1

Limistéar bainistíochta Corr Gainimh



▼B

IARSCRÍBHINN IV

TRÉIMHSÍ COISCTHE SÉASÚRACHA CHUN TROSC SCEITE A CHOSAINT

Beidh cosc ar iascach na limistéir a leagtar amach sa tábla thíos do gach trealamh, seachas trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil), le linn na tréimhse sainaitheanta:

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimh.	Ainm an Limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
1	Meá Stanhope	60° 10' T - 01° 45' O 60° 10' N - 02° 00' O 60° 25' N - 01° 45' O 60° 25' N - 02° 00' O	1 Eanáir go 30 Aibreán	
2	Long Hole	59° 07,35' T - 0° 31,04' I 59° 03,60' T - 0° 22,25' I 58° 59,35' T - 0° 17,85' I 58° 56,00' T - 0° 11,01' I 58° 56,60' T - 0° 08,85' I 58° 59,86' T - 0° 15,65' I 59° 03,50' T - 0° 20,00' I 59° 08,15' T - 0° 29,07' I	1 Eanáir go 31 Márta	
3	Coral Edge	58° 51,70 T - 03° 26,70' O 58° 40,66 T - 03° 34,60' O 58° 24, 00 T - 03° 12,40' O 58° 24, 00 T - 02° 55,00' O 58° 35, 65 T - 02° 56,30' O	1 Eanáir go 28 Feabhra	
4	Papa Bank	59° 56' T - 03° 08' I 59° 56' T - 02° 45' I 59° 35' T- 03° 15' I 59° 35' T - 03° 35' I	1 Eanáir go 15 Márta	
5	Foula Deeps	60° 17,50' T - 01° 45' I 60° 11,00' T - 01° 45' I 60° 11,00' T - 02° 10' I 60° 20,00' T - 02° 00' I 60° 20,00' T - 01° 50' I	1 Samhain go 31 Nollaig	
6	Egersund Bank	58° 07,40' T - 04° 33,00' O 57° 53,00' T - 05° 12,00' O 57° 40,00' T - 05° 10,90' O 57° 57,90' T - 04° 31,90' O	1 Eanáir go 31 Márta	(10 x 25 muirmhíle)

▼B

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimh.	Ainm an Limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
7	Lastoir de Eilean nan Caorach	59° 40' T - 01° 23' I 59° 40' T - 01° 13' I 59° 30' T - 01° 20' I 59° 10' T - 01° 20' I 59° 30' T - 01° 28' I 59° 10' T - 01° 28' I	1 Eanáir go 15 Márta	
8	An Bruach Thiar	57° 15' T - 05° 01' O 56° 56' T - 05° 00' O 56° 56' T - 06° 20' O 57° 15' T - 06° 20' O	1 Feabhra go 15 Márta	(18 x 4 muirmhíle)
9	Revet	57° 28,43' T - 08° 05,66' O 57° 27,44' T - 08° 07,20' O 57° 51,77' T - 09° 26,33' O 57° 52,88' T - 09° 25,00' O	1 Feabhra go 15 Márta	(1,5 x 49 muirmhíle)
10	Rabarberen	57° 47,00' T - 11° 04,00' O 57° 43,00' T - 11° 04,00' O 57° 43,00' T - 11° 09,00' O 57° 47,00' T – 11° 09,00' O	1 Feabhra – 15 Márta	Lastoir de Skagen (2,7 × 4 muirmhíle)

▼B

IARSCRÍBHINN V

ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

CUID A

AN LÍON UASTA ÚDARUITHE IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS A DHÉANANN IASCAIREACHT IN UISCÍ TRÍÚ TÍR

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
Uiscí na hIorua agus an limistéar iascaireachta timpeall Jan Mayen	Scadán, lastuaidh de 62° 00' T	77	DK	25	57
			DE	5	
			FR	1	
			IE	8	
			NL	9	
			PL	1	
			SV	10	
			UK	18	
	Speicis ghrinnill, lastuaidh de 62° 00' T	80	DE	16	50
			IE	1	
			ES	20	
			FR	18	
			PT	9	
			UK	14	
			Neamh-chionroinnte	2	
	Ronnach ([1])	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar		70
	Speiceas tionsclaíoch, laisteas de 62° 00' T	480	DK	450	150
			UK	30	
Uiscí Fharó	Gach trál-iascach ag a bhfuil soithí nach mó ná 180 troigh sa limistéar idir 12 mhíle agus 21 mhíle ó bhonnlínte Fharó	26	BE	0	13
			DE	4	
			FR	4	
			UK	18	
	Iascaigh dhírithe le haghaidh trosc agus cadóg le mogall nach lú ná 135 mm, beidh sé srianta don limistéar atá laisteas de 62° 28' T agus atá lastoir de 6° 30' I	8 ([2])	Ní bhaineann le hábhar		4

▼B

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
	Trál-iascaigh lasmuigh de 21 mhíle ó bhonnlíne Fharó. Sna tréimhsí ón 1 Márta go dtí an 31 Bealtaine agus ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig, féadfaidh na soithí sin oibriú sa limistéar idir 61° 20' T agus 62° 00' T agus idir 12 mhíle agus 21 mhíle ó na bonnlínte	70	BE	0	26
			DE	10	
			FR	40	
			UK	20	
	Trál-iascaigh le haghaidh na langaí gorma le mogall nach lú ná 100 mm sa limistéar atá laisteas de 61° 30' T agus atá laistiar de 9° 00' I agus sa limistéar idir 7° 00' I agus 9° 00' I laisteas de 60° 30' T agus sa limistéar atá laistiar laisteas de líne idir 60° 30' T, 7° 00' I agus 60° 00' T, 6° 00' I	70	DE ([3])	8	20 ([4])
			FR ([3])	12	
	Trál-iascaigh dhírithe le haghaidh glasán le mogall nach lú ná 120 mm agus féidearthacht ann strapaí cruinne a úsáid timpeall an tsoc-fhoircinn	70	Ní bhaineann le hábhar		22 ([4])
	Iascaigh le haghaidh na bhfaoitíní gorma. Féadfar an líon iomlán údaruithe iascaireachta a mhéadú agus ceithre shoitheach a chur leis, a a chuirfear ina bpéirí, má thugann údaráis Fharó isteach rialacha speisialta maidir le rochtain ar limistéar ar a dtugtar ‘príomhlimistéar iascaireachta an fhaoitín ghoirm’	34	DE	2	20
			DK	5	
			FR	4	
			NL	6	
			UK	7	
			SE	1	
			ES	4	
			IE	4	
			PT	1	
	Iascaigh dorú	10	UK	10	6
	Ronnach	20	DK	2	12
			BE	1	
			DE	2	
			FR	2	
			IE	3	
			NL	2	
			SE	2	
			UK	6	

▼B

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
	Scadán, lastuaidh de 62° 00' T	20	DK	5	20
			DE	2	
			IE	2	
			FR	1	
			NL	2	
			PL	1	
			SE	3	
			UK	4	
1, 2b ([5])	Iascach le haghaidh portáin sneachta le potaí	20	EE	1	Ní bhaineann le hábhar
			ES	1	
			LV	11	
			LT	4	
			PL	3	

([1]) Gan dochar do cheadúnais bhreise a dheonaigh an Iorua don tSualainn i gcomhréir leis an gcleachtas seanbhunaithe.
([2]) Áirítear na figiúirí sin ar na figiúirí maidir le gach trál-iascach ag a bhfuil soithí nach mó ná 180 troigh sa limistéar idir 12 mhíle agus 21 mhíle ó bhonnlínte Fharó.
([3]) Leis na figiúirí sin, tagraítear do líon uasta soithí iascaireachta a bheidh ann am ar bith.
([4]) Áirítear na figiúirí sin ar na figiúirí maidir le 'Trál-iascaigh lasmuigh de 21 mhíle ó bhonnlínte Fharó'.
([5]) Ní dochar cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas i limistéar Svalbard do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.

CUID B

TEORAINNEACHA CAINNÍOCHTÚLA NA nÚDARUITHE IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR A DHÉANANN IASCAIREACHT IN UISCÍ AN AONTAIS

Bratstát	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
An Iorua	Scadán, lastuaidh de 62° 00' T	Fós le suí	Fós le suí
Oileáin Fharó	Ronnach, 6a (lastuaidh de 56° 30' T), 2a, 4a (lastuaidh de 59° T) Bolmán, 4, 6a (lastuaidh de 56° 30' T), 7e, 7f, 7h	20	14
	Scadán, lastuaidh de 62° 00' T	20	Fós le suí
	Scadán, 3a	4	4
	Iascaireacht thionsclaíoch troscán Ioruach, 4, 6a (lastuaidh de 56° 30' T) (lena n-áirítear foghabhálacha dosheachanta faoitíní gorma)	14	14
	Langa agus torsca	20	10
	Faoitín gorm, 2, 4a, 5, 6a (lastuaidh de 56° 30' T), 6b, 7 (laistiar de 12° 00' I)	20	20
	Langa gorm	16	16

▼B

Bratstát	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
Veiniséala ([1])	Sclamhairí (Uiscí Ghuáin na Fraince)	45	45

([1]) ►M2 Ionas go bhféadfar na húdaruithe iascaireachta sin a eisiúint, ní mór cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil conradh bailí ann idir úinéir an tsoithigh ag a bhfuil iarratas á dhéanamh ar údarú iascaireachta agus gnóthas próiseála atá lonnaithe i Roinn Ghuáin na Fraince, agus go gcuimsítear ann oibleagáid chun 75 % ar a laghad de na gabhálacha sclamhairí uile ón soitheach sin a thabhairt i dtír sa roinn sin ionas go bhféadfar iad a phróiseáil i monarcha an ghnóthais sin. Ní mór d'údaráis na Fraince conradh den sórt sin a fhormhuiniú, agus áiritheofar leis an bhformhuiniú sin go bhfuil an conradh comhsheasmhach le cumas iarbhír an ghnóthais próiseála chonarthaigh agus leis na cuspóirí chun geilleagar na Guáine a fhorbairt. Cuirfear cóip den chonradh atá formhuinithe mar is cuí i gceangal leis an iarratas ar údarú iascaireachta. I gcás ina ndiúltaítear d'fhormhuiniú den sórt sin, tabharfaidh údaráis na Fraince fógra faoin diúltú sin agus luafaidh siad na cúiseanna a bhí acu leis don pháirtí lena mbaineann agus don Choimisiún. Féadfaidh soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain aige agus é údaraithe gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh in 2020 leanúint den iascaireacht go dtí an 1 Aibreán 2021, go dtí go n-athnuafar an t-údarú iascaireachta atá aige agus ar choinníoll:

— go bhfuil conradh soláthair nua sínithe ag oibreoir an tsoithigh le haghaidh 2021,
— go bhfuil na nósanna imeachta um athnuachan údaraithe ar siúl faoi láthair maidir leis an soitheach sin,
— gur chomhlíon oibreoir an tsoithigh a oibleagáidí tuairiscithe agus a oibleagáidí conarthacha gabhálacha a thabhairt i dtír in 2020.

Téann an síneadh ama sin in éag ar dháta teacht i bhfeidhm chinneadh an Choimisiún lena n-eisítear údarú iascaireachta le haghaidh 2021 don soitheach, nó nuair a fhaightear fógra ón gCoimisiún gur diúltaíodh údarú a thabhairt. ◄

▼M1

IARSCRÍBHINN VI

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN ICCAT [1]

1. An líon uasta bád baoite agus bád trálála de chuid an Aontais atá údaraithe chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go gníomhach san Atlantach thoir

An Spáinn	60
An Fhrainc	55
An tAontas	115

2. An líon uasta soitheach iascaireachta mionscála cósta de chuid an Aontais atá údaraithe chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go gníomhach sa Mheánmhuir

An Spáinn	364
An Fhrainc	140 [2]
An Iodáil	30
An Chipir	20 [1]
Málta	54 [1]
An Phortaingéil	76 [2]
An tAontas	684

[1] Féadfaidh méadú teacht ar an líon sin má chuirtear 10 soitheach spliéireachta in ionad soitheach peas-saighne i gcomhréir le fonóta 2 nó 4 de Thábla A i roinn 4 den Iarscríbhinn seo.
[2] Arna chur in iúl sa phlean acmhainneachta náisiúnta mar chuid den chuóta earnála.

3. An líon uasta soitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go gníomhach i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta

An Chróit	18
An Iodáil	12
An tAontas	28

4. An líon uasta soitheach iascaireachta de chuid gach Ballstáit a fhéadfar a údarú chun tuinníní gorma a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar, nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Tábla A

	An líon soithí iascaireachta [1]							
	An Chipir [2]	An Ghréig [3]	An Chróit	An Iodáil	An Fhrainc	An Spáinn	Málta [4]	An Phortaingéil
Soithí peas-saighne	1	0	18	21	22	6	2	0
Soithí spliéireachta	27 [5]	0	0	40	23	48	62	0

[1] D'fhéadfadh laghdú teacht ar na huimhreacha i ranna 1, 2 agus 3 chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh.

▼M1

	An líon soithí iascaireachta (1)							
	An Chipir (2)	An Ghréig (3)	An Chróit	An Iodáil	An Fhrainc	An Spáinn	Málta (4)	An Phortaingéil
Bád baoite	0	0	0	0	8	68	0	76 (6)
Dorú láimhe	0	0	12	0	47 (7)	1	0	0
Trálaer	0	0	0	0	57	0	0	0
Mionscála	0	32	0	0	140	620	52	0
Soithí iascaireachta mionscála eile (8)	0	61	0	0	0	0	0	0

(1) Féadfar na huimhreacha sa Tábla seo a mhéadú a thuilleadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.
(2) Ní fhéadfar níos mó ná deich soitheach spiléireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin nó féadfar soitheach peas-saighne beag amháin agus ní mó ná trí shoitheach spiléireachta a chur ina ionad.
(3) Ní fhéadfar níos mó ná deich soitheach spiléireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin nó féadfar soitheach peas-saighne beag amháin agus trí shoitheach mionscála eile a chur ina ionad.
(4) Ní fhéadfar níos mó ná deich soitheach spiléireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne amháin.
(5) Soithí ilchuspóireacha, a bhaineann úsáid as iltrealamh.
(6) Báid bhaoite de chuid réigiúin is forimeallaí na nAsór agus Mhaidéara
(7) Soithí líne a oibríonn san Atlantach.
(8) Soithí ilchuspóireacha, a bhaineann úsáid as iltrealamh (spiléar, dorú láimhe, dorú trálála).

5. An líon uasta gaiste a úsáidtear le haghaidh iascach tuinníní gorma an Atlantaigh Thoir agus na Meánmhara atá údaraithe ag gach Ballstát

An Ballstát	An líon gaistí (1)
An Spáinn	5
An Iodáil	6
An Phortaingéil	2

(1) Féadfar an líon sin a mhéadú a thuilleadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

6. Uas-acmhainneacht i dtaca le feirmeoireacht agus ramhrú tuinníní gorma le haghaidh gach Ballstáit agus uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhtar go fiáin a fhéadfaidh gach Ballstát a chionroinnt ar a fheirmeacha san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Tábla A

Uas-acmhainneacht i dtaca le feirmeoireacht agus ramhrú tuinníní gorma		
	An líon feirmeacha	Acmhainneacht (i dtonaí)
An Spáinn	10	11852
An Iodáil	13	12600
An Ghréig	2	2100
An Chipir	3	3000
An Chróit	7	7880
Málta	6	12300

▼**M1**

Tábla B ([1])

Uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhtar go fiáin (i dtonaí)	
An Spáinn	6300
An Iodáil	3764
An Ghréig	785
An Chipir	2195
An Chróit	2947
Málta	8786
An Phortaingéil	350

([1]) Cuimsítear acmhainneacht feirmeoireachta na Portaingéile, arb í 500 tona í, le hacmhainneacht neamhúsáidte an Aontais a leagtar amach i dTábla A.

7. Is mar a leanas a bheidh an dáileadh, idir na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe, maidir leis an líon uasta soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit nó bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu atá údaraithe chun tuinníní colgacha an Tuaiscirt a iascach mar spriocspeiceas i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 520/2007:

Na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe	An líon uasta soitheach
Éire	50
An Spáinn	730
An Fhrainc	151
An Ríocht Aontaithe	12
An Phortaingéil	310

8. Is mar a leanas a bheidh an líon uasta soitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá 20 méadar ar a laghad ar a bhfad agus a iascann tuinníní mórshúileacha i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT:

An Ballstát	An líon uasta soitheach peas-saighne	An líon uasta soitheach spiléireachta
An Spáinn	23	190
An Fhrainc	11	–
An Phortaingéil	–	79
An tAontas	34	269

▼B

IARSCRÍBHINN VII

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN CAMLR

Beidh an iascaireacht thaiscéalaíoch ar an déadiasc i limistéar Choinbhinsiún CAMLR in 2019/2020 teoranta don mhéid seo a leanas:

Tábla A

Ballstáit údaraithe, folimistéir agus uaslíon na soithí

An Ballstát	Limistéar	An líon uasta soithí
An Spáinn	48.6	1
An Spáinn	88.1	1

Tábla B

TACanna agus teorainneacha foghabhála

Ní chionroinntear na TACanna sin, a ghlac CCAMLR, ar chomhaltaí CCAMLR agus dá bhrí sin sin, tá scair an Aontais neamhchinntithe. Is í Rúnaíocht CCAMLR a dhéanann faireachán ar ghabhálacha agus tabharfaidh sí fógra do na Páirtithe Conarthacha nuair a bheidh scor d'iascaireacht toisc gur ídíodh TAC

Foli-mistéar	Réigiún	Séasúr	ATMSanna (48.6) nó bloic thaighde (88.1)	Teorainn gabhála *Dissostichus mawsoni* (i dtonaí)/ ATMSanna (48.6) nó bloic thaighde (88.1)	Teorainn gabhála *Dissostichus mawsoni* (i dtonaí)/ folimistéar iomlán	Teorainn gabhála na foghabhála (i dtonaí)/ATMSanna (48.6) nó bloic thaighde (88.1)		
						Sciataí agus roic	*Macrourus* spp. ([1])	Speicis eile
48.6	Folimistéar Iomlán	1 Nollaig 2019 go 30 Samhain 2020	48.6_2	140	670	7	22	22
			48.6_3	38		2	6	6
			48.6_4	163		8	26	26
			48.6_5	329		16	53	23
88.1.	Folimistéar Iomlán	1 Nollaig 2019 go 31 Lúnasa 2020	A, B, C, G ([2])	597	3 140 ([3])	30	96	30
			G, H, I, J, K ([4])	2 072		104	317	104
			Limistéar taighde speisialta an limistéir mhuirí faoi chosaint i Muir Ross	426		23	72	23

([1]) I limistéar 88.1 amháin, i gcás ina rachaidh an ghabháil *Macrourus spp.* arna tógáil ag soitheach aonair le linn aon dá thréimhse 10 lá (i.e. ó lá 1 go dtí lá 10, ó lá 11 go dtí lá 20 nó ó lá 21 go dtí an lá deireanach den mhí) thar 1 500 kg in aon ATMS i ngach tréimhse 10 lá agus i gcás ina rachaidh an ghabháil sin thar 16 % de ghabháil *Dissostichus spp.* an tsoithigh sin san ATMS sin, scoirfidh an soitheach d'iascaireacht a dhéanamh san ATMS sin don chuid eile den séasúr.

([2]) Gach limistéar lasmuigh den limistéar muirí faoi chosaint i Muir Ross agus lastuaidh de 70°D.

([3]) Is é *Dissostichus mawsoni* an spriocspeiceas. Aon *Dissostichus eleginoides* a ghabhfar, áireofar i dtreo na teorann gabhála foriomláine do *Dissostichus mawsoni* é.

([4]) Gach limistéar lasmuigh den limistéar muirí faoi chosaint i Muir Ross agus laisteas de 70°D.

▼B

Aguisín a ghabhann le hIarscríbhinn VII

CUID A

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6_2

54°00'D 01°00'O

55°00'D 01°00'O

55°00'D 02°00'O

55°30'D 02°00'O

55°30'D 04°00'O

56°30'D 04°00'O

56°30'D 07°00'O

56°00'D 07°00'O

56°00'D 08°00'O

54°00'D 08°00'O

54°00'D 09°00'O

53°00'D 09°00'O

53°00'D 03°00'O

53°30'D 03°00'O

53°30'D 02°00'O

54°00'D 02°00'O

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6_3

64°30'D 01°00'O

66°00'D 01°00'O

66°00'D 04°00'O

65°00'D 04°00'O

65°00'D 07°00'O

64°30'D 07°00'O

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6_4

68°20'D 10°00'O

68°20'D 13°00'O

69°30'D 13°00'O

69°30'D 10°00'O

69°45'D 10°00'O

69°45'D 06°00'O

69°00'D 06°00'O

69°00'D 10°00'O

▼B

Comhordanáidí i mbloc taighde 48.6_5

71°00'D 15°00'I

71°00'D 13°00'I

70°30'D 13°00'I

70°30'D 11°00'I

70°30'D 10°00'I

69°30'D 10°00'I

69°30'D 09°00'I

70°00'D 09°00'I

70°00'D 08°00'I

69°30'D 08°00'I

69°30'D 07°00'I

70°30'D 07°00'I

70°30'D 10°00'I

71°00'D 10°00'I

71°00'D 11°00'I

71°30'D 11°00'I

71°30'D 15°00'I

Liosta Aonad Taighde ar Mhionscála (ATMSanna)

Réigiún	ATMS	Líne theorann
88.1	A	Ó 60° D 150° O, soir díreach go 170° O, ó dheas díreach go 65° D, siar díreach go 150° O, ó thuaidh díreach go 60° D.
	B	Ó 60° D 170° O, soir díreach go 179° O, ó dheas díreach go 66° D, siar díreach go 170° O, ó thuaidh díreach go 60° D.
	C	Ó 60° D 179° O, soir díreach go 170° I, ó dheas díreach go 70° D, siar díreach go 178° I, ó thuaidh díreach go 66° 40' D, siar díreach go 179° O, ó thuaidh díreach go 60° D.
	D	Ó 65° D 150° O, soir díreach go 160° O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 150° O, ó thuaidh díreach go 65° D.
	E	Ó 65° D 160° O, soir díreach go 170° O, ó dheas díreach go 68° 30' D, siar díreach go 160° O, ó thuaidh díreach go 65° D.
	F	Ó 68° 30' D 160° O, soir díreach go 170° O, ó dheas díreach go dtí an cósta, siar feadh an chósta go 160° O, ó thuaidh díreach go 68° 30' D.
	G	Ó 66° 40' D 170° O, soir díreach go 178° I, ó dheas díreach go 70° D, siar díreach go 178° 50' O, ó dheas díreach go 70° 50' D, siar díreach go 170° O, ó thuaidh díreach go 66°40' D.

▼B

Réigiún	ATMS	Líne theorann
	H	Ó 70° 50' D 170° O, soir díreach go 178° 50' O, ó dheas díreach go 73° D, siar díreach go dtí an cósta, ó thuaidh feadh an chósta go 170° O, ó thuaidh díreach go 70° 50' D.
	I	Ó 70° D 178° O 50' I, soir díreach go 170° I, ó dheas díreach go 73° D, siar díreach go 178° 50' O, ó thuaidh díreach go 70° D.
	J	Ó 73° D ar an gcósta gar do 170° O, soir díreach go 178° 50' O, ó dheas díreach go 80° D, siar díreach go 170° O, ó thuaidh feadh an chósta go 73° D.
	K	Ó 73° D 178° O 50' I, soir díreach go 170° I, ó dheas díreach go 76° D, siar díreach go 178° 50' O, ó thuaidh díreach go 73° D.
	C	Ó 76° D 178° O 50' I, soir díreach go 170° I, ó dheas díreach go 80° D, siar díreach go 178° 50' O, ó thuaidh díreach go 76° D.
	M	Ó 73° D ar an gcósta gar do 169° 30' O, soir díreach go 170° O, ó dheas díreach go 80° D, siar díreach go dtí an cósta, ó thuaidh feadh an chósta go 73° D.

CUID B

FÓGRA A THABHAIRT FAOIN RÚN A BHEITH RANNPHÁIRTEACH IN IASCACH LE hAGHAIDH *EUPHAUSIA SUPERBA*

Faisnéis ghinearálta

Comhalta: .....

Séasúir iascaireachta: .....

Ainm an tsoithigh: .....

Leibhéal na gabhála a bhfuiltear ag súil leis (tona): .....

Acmhainneacht próiseála laethúla an tsoithigh (tonaí de réir beomheáchain): ....

Na folimistéir agus ranna iascaireachta atá beartaithe

Tá feidhm ag an mbeart caomhnúcháin seo maidir le fógraí faoin rún crill a iascach i bhFolimistéir 48.1, 48.2, 48.3 agus 48.4 agus Ranna 58.4.1 agus 58.4.2. Faoi chuimsiú Bheart Caomhnúcháin 21-02 ní mór fógra a thabhairt faoin rún crill a iascach i bhfolimistéir agus ranna eile.

Folimistéar/Roinn	Cuir tic sna bosca iomchuí
48.1	☐
48.2	☐
48.3	☐
48.4	☐
58.4.1	☐
58.4.2	☐

▼B

Teicníc iascaireachta: Cuir tic sna bosca iomchuí

☐ Gnáth-thrál

☐ Córas iascaireachta leanúnaí

☐ Caidéalú chun an soc-fhoirceann a ghlanadh

☐ Modh eile: Sonraigh

Cineálacha táirge agus modhanna chun meastachán díreach a thabhairt ar bheomheáchan na gcrilleanna a gabhadh

An cineál táirge	Modh chun meastachán díreach a thabhairt ar bheomheáchan na gcrilleanna a gabhadh, i gcás inarb ábhartha (féach Iarscríbhinn 21-03/B) (1)
Iomlán reoite	
Beirithe	
Min	
Ola	
Táirge eile, sonraigh	

(1) Mura liostaítear an modh in Iarscríbhinn 21-03/B, tabhair tuairisc mhionsonraithe ar na nithe seo a leanas.

Cumraíocht an lín

Tomhais an lín	Líon 1		Líon 2		Líon(ta) eile	
Béal an lín (béal)						
Uasmhéid béil ingearaigh (m)						
Uasmhéid béil chothrománaigh (m)						
Imlíne ghlan ag béal an lín (1) (m)						
Achar an bhéil (m^2)						
Meán-mhogallmhéid painéil (3) (mm)	Seachtrach (2)	Inmheánach (2)	Seachtrach (2)	Inmheánach (2)	Seachtrach (2)	Inmheánach (2)
An chéad phainéal						
An dara painéal						
An tríú painéal						
…						
An painéal deiridh (an soc-fhoirceann)						

(1) A bhfuiltear ag súil leis i ndálaí oibriúcháin de.
(2) Méid an mhogaill sheachtraigh, agus an mhogaill inmheánaigh i gcás ina mbaintear úsáid as líneáil.
(3) Tomhas inmheánach mogaill shínte bunaithe ar an nós imeachta i mBeart Caomhnúcháin 22-01.

Léaráid(í) lín: .....

I gcás gach líon a úsáidtear, nó i gcás aon athrú ar chumraíocht an lín, féach ar an léaráid lín is ábhartha i leabharlann trealaimh iascaireachta CCAMLR má tá sí ar fáil (www.ccamlr.org/node/74407), nó cuir isteach léaráid agus tuairisc mhionsonraithe a thíolacfar ag an gcéad chruinniú eile de chuid WG-EMM. Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar áireamh sa léaráid / sna léaráidí lín:

1. Fad agus leithead gach painéil tráil (ar bhealach inar leor na mionsonraithe chun go bhféadfaí uillinn gach painéil a ríomh ó thaobh sreabhadh uisce de).

▼B

2. Mogallmhéid (tomhas laistigh de mhogall sínte bunaithe ar an nós imeachta i mBeart Caomhnúcháin 22-01), cruth (e.g. cruth muileatach) agus ábhar (e.g. polapróipiléin).

3. An chaoi a bhfuil an mogall déanta (e.g. snaidhmthe, chomhtháite).

4. Sonraí na sraoilleán a úsáidtear laistigh den trál (cruth, áit a bhfuil siad ar na painéil, cuir 'neamhní' isteach mura bhfuil sraoilleáin á n-úsáid); ní bhíonn screabach crille ar an mogall ná ní sceitheann crill amach as an mogall mar gheall ar na sraoilleáin.

Feiste eisiaimh mamach farraige

Léaráid(í) feiste: .....

I gcás gach cineál feiste a úsáidtear, nó i gcás aon athrú ar chumraíocht na feiste, féach ar an léaráid is ábhartha i leabharlann trealaimh iascaireachta CCAMLR má tá sí ar fáil (www.ccamlr.org/node/74407), nó cuir isteach léaráid agus tuairisc mhionsonraithe a thíolacfar ag an gcéad chruinniú eile de chuid WG-EMM.

Sonraí fuaimiúla a bhailiú

Faisnéis a chur ar fáil maidir leis na sondálaithe fuaime agus na sonóirí a úsáidtear ar an soitheach

Cineál (e.g. sondálaí fuaime, sonóir)			
Monaróir			
Leagan			
Minicíochtaí trasduchtóra (kHz)			

Sonraí fuaimiúla a bhailiú (tuairisc mhionsonraithe): .....

Breac-chuntas ar na céimeanna a thabharfar chun sonraí fuaimiúla a bhailiú le gur féidir faisnéis a chur ar fáil maidir le dáileadh agus flúirse speiceas *Euphausia superba* agus speiceas peiligeach eile amhail myctophids agus salps (SC-CAMLR-XXX, mír 2.10).

TREOIRLÍNTE CHUN MEASTACHÁN A DHÉANAMH AR BHEOMHEÁCHAN NA gCRILLEANNA A GABHADH

Modh	Cothromóid (kg)	Paraiméadar			
		Cur síos	Cineál	Modh meastacháin	Aonad
Toirt an umair coinneála	W*L*H*ρ*1 000	W = leithead an umair	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		L = fad an umair	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		ρ = fachtóir coinbhéartachta toirt go mais	Athróg	Coinbhéartú toirt go mais	kg/lítear
		H = doimhneacht crille san umar	Dol-sonrach	Grinniú díreach	m

▼B

Modh	Cothromóid (kg)	Paraiméadar			
		Cur síos	Cineál	Modh meastacháin	Aonad
Sreabhmhéadar ([1])	$V*F_{krill}*\rho$	V = toirt na crille agus an uisce le chéile	Dol ([1])-sonrach	Grinniú díreach	lítear
		F_{krill} = codán crille sa sampla	Dol ([1])-sonrach	Ceartúchán maidir le toirt an tsreabhmhéadair	—
		ρ = fachtóir coinbhéartachta toirt go mais	Athróg	Coinbhéartú toirt go mais	kg/lítear
Sreabhmhéadar ([2])	$(V*\rho)–M$	V = toirt an taois crille	Dol ([1])-sonrach	Grinniú díreach	lítear
		M = an méid uisce a cuireadh leis an bpróiseas, coinbhéartaithe go mais	Dol ([1])-sonrach	Grinniú díreach	kg
		ρ = dlús an taois crille	Athróg	Grinniú díreach	kg/lítear
Sreabhscála	$M*(1–F)$	M = mais na crille agus an uisce le chéile	Dol ([2])-sonrach	Grinniú díreach	kg
		F = codán uisce sa sampla	Athróg	Ceartúchán maise sreabhscála	—
Meáphláta	$(M–M_{tray})*N$	M_{tray} = mais meáphláta fholaimh	Seasmhach	Grinniú díreach roimh iascach	kg
		M = meánmhais crill agus meá le chéile	Athróg	Grinniú díreach, sula reoitear é agus an t-uisce síothlaithe	kg
		N = an líon meáphlátaí	Dol-sonrach	Grinniú díreach	—
Coinbhéartú mine	$M_{meal}*MCF$	M_{meal} = mais na mine arna thairgeadh	Dol-sonrach	Grinniú díreach	kg
		MCF = fachtóir coinbhéartachta mine	Athróg	Coinbhéartú min go crill iomlán	—

▼B

Modh	Cothromóid (kg)	Paraiméadar			
		Cur síos	Cineál	Modh measacháin	Aonad
Toirt an tsoc-fhoircinn	W*H*L*ρ*π/ 4*1 000	W = leithead an tsoc-fhoircinn	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		H = airde an tsoc-fhoircinn	Seasmhach	Tomhas ag tús na hiascaireachta	m
		ρ = fachtóir coinbhéartachta toirt go mais	Athróg	Coinbhéartú toirt go mais	kg/lítear
		L = fad an umair	Dol-sonrach	Grinniú díreach	m
Eile	Sonraigh				

([1]) Dol aonair agus úsáid á baint as gnáth-thrál, nó ar bhealach comhtháite le linn tréimhse sé uair an chloig agus úsáid á baint as an gcóras iascaireachta leanúnaí.
([2]) Dol aonair agus úsáid á baint as gnáth-thrál, nó tréimhse dhá uair an chloig agus úsáid á baint as an gcóras iascaireachta leanúnaí.

Céimeanna grinnithe agus minicíocht ghrinnithe

Toirt an umair coinneála

Ag tús na hiascaireachta	Déan tomhas ar leithead agus fad an umair coinneála (murar umar dronuilleogach atá ann, d'fhéadfadh go mbeadh tomhais bhreise de dhíth; beachtas ± 0,05 m)
Gach mí ([1])	Déan coinbhéartú toirt go mais a mheas arna dhíorthú ón mais síothlaithe crille darb eol an toirt atá aici (e.g. 10 lítear) a tógadh as an umar coinneála
Gach dol	Déan tomhas ar dhoimhneacht na gcrilleanna san umar (má choinnítear crilleanna san umar idir dola, déan an difríocht ó thaobh doimhneachta de a thomhas; beachtas ± 0,1 m) Déan beomheáchan na gcrilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)

Sreabhmhéadar ([1])

Roimh iascach	Áirithigh go bhfuil crilleanna iomlána á dtomhas ag an sreabhmhéadar (i.e. sula ndéantar iad a phróiseáil)
Níos mó ná uair amháin in aghaidh na míosa ([1])	Déan coinbhéartú toirt go mais (ρ) a mheas arna dhíorthú ón mais síothlaithe crille darb eol an toirt atá aici (e.g. 10 lítear) a glacadh ón sreabhmhéadar
Gach dol ([2])	Faigh sampla ón sreabhmhéadar agus: déan toirt (e.g. 10 lítear) na gcrilleanna agus an uisce le chéile a thomhas déan an ceartúchán maidir le toirt an tsreabhmhéadair a mheas arna dhíorthú ó thoirt síothlaithe na crille Déan beomheáchan na gcrilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)

▼B

Sreabhmhéadar ([2])	
Sula ndéanfaidh tú iascaireacht	Áirithigh go bhfuil an dá shreabhmhéadar (ceann amháin le haghaidh an táirge crille agus ceann eile le haghaidh an uisce a cuireadh leis) calabraithe (i.e. go bhfuil an léamh ceart, is é sin an léamh céanna, orthu)
Gach seachtain ([1])	Déan dlús (ρ) an táirge crille a mheas (taos crille meilte) agus mais an táirge crille darb eol an toirt atá aici a thomhas (e.g. 10 lítear) a glacadh ón sreabhmhéadar comhfhreagrach
Gach dol ([2])	Léigh an dá shreabhmhéadar, agus déan toirt iomlán an táirge crille a ríomh, (taos crille meilte) agus toirt iomlán an uisce a cuireadh leis; glactar leis gurb é dlús an uisce 1 kg/lítear
	Déan beomheáchan na gcrilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)
Sreabhscála	
Sula ndéanfaidh tú iascaireacht	Áirithigh go bhfuil crilleanna iomlána á dtomhas ag an sreabhmhéadar (i.e. sula ndéantar iad a phróiseáil)
Gach dol ([2])	Faigh sampla ón sreabhmhéadar agus:
	déan mais na gcrilleanna agus an uisce le chéile a thomhas
	déan ceartúchán maise sreabhscála a mheas arna dhíorthú ó thoirt síolaithe na gcrilleanna
	Déan beomheáchan na gcrilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)
Meáphláta	
Sula ndéanfaidh tú iascaireacht	Déan mais na meá a thomhas (murab ionann na meánna ó thaobh deartha de, déan mais gach cineál meá a thomhas; beachtas ± 0,1 kg)
Gach dol	Déan mais na gcrilleanna agus an mheáphláta le chéile a thomhas (beachtas ± 0,1 kg)
	Comhair an líon meáphlátaí a úsáideadh (murab ionann na meáphlátaí ó thaobh deartha de, comhair an líon meáphlátaí de réir gach cineál meá atá ann)
	Déan beomheáchan na gcrilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)
Coinbhéartú mine	
Gach mí ([1])	Déan coinbhéartú min go crilleanna iomlána a mheas trí 1 000 go 5 000 kg (mais síolaithe) de chrilleanna iomlána a phróiseáil
Gach dol	Tomhais mais na mine a dhéantar
	Déan beomheáchan na gcrilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)

▼B

Toirt an tsoc-fhoircinn	
Ag tús na hiascaireachta	Tomhais leithead agus airde an tsoc-fhoircinn (beachtas ± 0,1 m)
Gach mí ([1])	Déan coinbhéartú toirt go mais a mheas arna dhíorthú ón mais síolaithe crille darb eol an toirt atá aici (e.g. 10 lítear) a tógadh as an soc-fhoirceann
Gach dol	Tomhais fad an tsoc-fhoircinn ina bhfuil na crilleanna (beachtas ± 0,1 m)
	Déan beomheáchan na gcrilleanna a gabhadh a mheas (agus úsáid á baint as an gcothromóid)

([1]) Cuirfear tús le tréimhse nua nuair a bhogfaidh an soitheach go folimistéar nó roinn nua.
([2]) Dol aonair agus úsáid á baint as gnáth-thrál, nó ar bhealach comhtháite le linn tréimhse sé uair an chloig agus úsáid á baint as an gcóras iascaireachta leanúnaí.

▼B

IARSCRÍBHINN VIII

RÉIMSE INNIÚLACHTA IOTC

1. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe chun tuinníní trópaiceacha a iascach i Réimse Inniúlachta IOTC

An Ballstát	An líon uasta soithí	Toilleadh (olltonnáiste)
An Spáinn	22	61 364
An Fhrainc	27	45 383
An Phortaingéil	5	1 627
An Iodáil	1	2 137
An tAontas	55	110 511

2. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe chun colgáin agus tuinníní colgacha a iascach i Réimse Inniúlachta IOTC

An Ballstát	An líon uasta soithí	Toilleadh (olltonnáiste)
An Spáinn	27	11 590
An Fhrainc	41 ([1])	7 882
An Phortaingéil	15	6 925
An Ríocht Aontaithe	4	1 400
An tAontas	87	27 797

([1]) Ní áirítear ar an bhfigiúr sin soithí atá cláraithe in Mayotte; d'fhéadfaí an figiúr sin a mhéadú amach anseo i gcomhréir le plean forbartha cabhlaigh Mayotte.

3. Beidh na soithí iascaireachta dá dtagraítear i bpointe 1 údaraithe chun colgáin agus tuinníní colgacha a iascach i Réimse Inniúlachta IOTC.

4. Beidh na soithí iascaireachta dá dtagraítear i bpointe 2 údaraithe chun colgáin agus tuinníní trópaiceacha a iascach i Réimse Inniúlachta IOTC.

▼B

IARSCRÍBHINN IX

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe chun colgán a iascach i limistéir laisteas de 20° D de Limistéar Choinbhinsiún WCPFC

An Spáinn	14
An tAontas	14

An líon uasta soithí iascaireachta peas-saighne de chuid an Aontais atá údaraithe chun tuinníní teochreasacha a iascach i limistéir laisteas de 20° D de Limistéar Choinbhinsiún WCPFC

An Spáinn	4
An tAontas	4